

AN BORD UM IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2021

Marine Casualty Investigation Board
Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí ar an 25 Márta 2003 faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000.

Fanann cóipcheart na tuarascála seo leis an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí de thairbhe alt 35(5) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid eile de a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur ar dhóigh ar bith gan cead sainráite an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

Is féidir an tuarascáil seo a úsáid mar áis oideachais.

Foilsithe ag an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí © 2022

# Clár

## Cuid 1


1. Ráiteas an Chathaoirligh 2

2. Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta 7

3. Réamhrá ar Theagmhais agus ar Imscrúduithe 10

4. Achoimre ar Theagmhais na Bliana 2021 11

5. Achoimre de na Tuarascálacha a Foilsíodh i rith 2021 15

6. Comparáid idir Taismí Muirí sa Tréimhse 2012 - 2021 21

7. Treochtaí Báis 2012 - 2021 22

8. Aguisín A 23


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021 27

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach

A Aire Uasail,

De réir mar a éilítear faoi Roinn 21 an Achta um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, cuirim faoi do bhráid an naoú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

Cuirfear cuntais iniúchta an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) níos déanaí sa bhliain nuair a bheidh an t-iniúchadh bliantúil curtha i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ina dhiaidh seo déanfar an tuarascáil seo agus Ráiteas Airgeadais an MCIB a chomhcheangal chun Tuarascáil Bhliantúil an MCIB 2021 a chruthú agus a fhoilsiú ar shuíomh ghréasáin an MCIB www.mcib.ie.

### Forbhreathnú ar 2021

Chuir an MCIB tús le himscrúdú i dtaca le hocht dtaisme muirí in 2021, gach ceann acu a tharla in 2021. Níor bhásaigh aon duine sna taismí muirí seo a bhí faoi imscrúdú.

Rinne an Bord 68 teagmhas eile a mheas lenar bhain comhpháirtíocht idir an MCIB agus comhlachtaí imscrúdaithe taisme stát eile. Tugadh le fios gur mionteagmhais a bhí i gceist leo seo go ginearálta agus nach raibh gá le imscrúdú ag an MCIB nó ba thaismí iad a raibh imscrúduithe idir lámha ag an stát brataí. I roinnt cásanna, bhí ar Éirinn sonraí a íoslódáil ar an Tairseach Eorpach um Imscrúduithe Taismí Muirí (EMCIP)[1].

Le linn 2021 rinne an MCIB 14 theagmas sa bhreis a mheas le dearbhú an raibh imscrúdú de dhíth agus sna cásanna seo thug siad le fios gur mionchás a bhí i gceist agus/nó gur beag an seans go mbeadh aon mholtaí sábháilteacha ag eascairt ó imscrúdú.

Bunaíodh an MCIB 19 mbliana ó shin agus go dtí deireadh mhí na Nollag 2021, tá 248 tuarascáil foilsithe aige maidir le heachtraí a tharla faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord sé thurascáil deiridh i dtaca le himscrúduithe taisme muirí in 2021.

Cuireadh tús le hocht n-imscrúdú le linn na bliana agus bhí naoi n-imscrúdú fós idir lámha ar an 31 Nollaig 2021. Maidir leis na himscrúduithe seo atá idir lámha go fóill tharla ceann amháin i mí na Samhana 2019, lena n-áirítear bás amháin ó chadhc ar Abhainn Chárthaí, Gleann an Chairthe, Contae Chiarraí agus tá sé fós idir lámha de dheasca castachtaí an imscrúdaithe. Tá 11 imscrúdú ar an iomlán idir lámha go fóill lena n-áirítear na cinn ar cuireadh tús leo in 2022.

I dTuarascáil Bhliantúil MCIB 2020 mhol muid go láidir do gach eagraíocht (go háirithe clubanna agus aonáin tráchtála) atá bainteach le spórt uisce agus gníomhaíochtaí áineasa uisce a gcuid córas sábháilteacha a iniúchadh agus aird a bheith acu ar an gCód Cleachtais (CoP) agus na treoirlínte agus moltaí uile atá eisithe ag comhlachtaí rialacháin spóirt. I dtuarascáil Uimh. 304, a foilsíodh in 2021, rinneadh cúpla moladh i dtaca le hearnáil na cadhcála/ curachóireachta, lena n-áirítear moltaí maidir le húsáideoirí tráchtála. Áiríodh leo seo an moladh gurbh fhiú smaoineamh ar eolaire soláthróirí tráchtála a chruthú d'áiseanna cois farraige agus slacáin abhainn agus gur chóir smaoineamh chomh maith ar an mbealach is fearr chun caighdeán sábháilteachta laistigh d'earnáil soláthróirí spóirt slacáin a fheabhsú agus ar chóir clárúchán sainordaitheach nó scéim ceadúnaithe (a sholáthródh deis do theagascóirí agus a gcuid cáilíochtaí a chlárú) a chur i bhfeidhm. Is údar díomá é go dtugtar le fios go raibh an MCIB fós á cur ar an eolas in 2021 maidir le scéalta nuair nach raibh aon aird á tabhairt ar threoirlínte sábháilteachta an fhorais rialaithe. Tá méadú leanúnach tugtha faoi deara againn ar líon na dteagmhas tromchúiseach lenar bhain cadhcóirí/ canúálaithe, cuid acu a d'fheadfadh a bheith ina gcion tsiocair le básanna. Tá seans maith go mbeidh rialachán de dhíth, go háirithe san earnáil tráchtála, mura gcloítear le caighdeáin dheonacha atá leagtha síos ag comhlachtaí creidiúnaithe.

Léiríonn tuarascálacha eile an MCIB a foilsíodh in 2021 an éagsúlacht leathan dálaí a bhíonn ina gcúis le himscrúdú teagmhais mhuirí. Mar a tugadh le fios sa tuarascáil ó EMSA atá ar na bacáin agus ar a ndéanfar cur síos níos déanaí, tá méadú feicthe ag MCIB sa líon teagmhas a bhain le gach cineál cabhlach iascaireachta, idir bheag agus mhór. Is é seo atá á mheas ag ár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach chomh maith agus tá sé ag dul i bhfeidhm ar dhréacht

1. Is bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí é an Tairseach Eorpach um Imscrúduithe Taismí Muirí (EMCIP) a bhfuil an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Muirí ina bhun.

Threoir nua an AE.

Luaigh an MCIB an tuarascáil ar ar tugadh "Experiences of Non-EEA Migrant Workers in the Irish Fishing Industry"[2] a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba é cuspóir an taighde sochdhlíthiúil seo ná measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha reatha oibre, stádas inimirce agus taithí forfheidhmithe oibrithe nár bhain leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA), atá i gcabhlach iascaireachta na hÉireann. Bhain an anailís leas as "agallaimh leathstruchtúra a cuireadh ar 24 oibrí imirceach fireann i dtionscal iascaireachta na hÉireann." Tugadh le fios sa turascáil

- "Gur thug os cionn an tríú cuid de na rannpháirtithe faoi deara go bhféadfadh siad tabhairt faoi idir 15 agus 20 uair an chloig oibre in aghaidh an lae."
- "Ba chuimhin le níos lú ná leath na n-agallaithe báid a bheith á n-imscrúdú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, a ná aon duine eile ag fiosrú faoi cheisteanna a bhain le cúrsaí oibre. Ar na príomhdhúshláin a bhí roimh oibrithe agus iad ag dul i mbun cainte le fostóirí nó cigirí ar mhaithe le coinníollacha níos fearr oibre a lorg, bhí eagla orthu maidir lena bpost agus a gcead oibre a chailleadh chomh maith le bacanna teanga."

Bhain na moltaí ábhartha le hiniúchadh agus forfheidhmiú rialála, agus níl ceachtar acu laistigh de shainchúram an MCIB, tá muid airdeallach, áfach, maidir leis na deacrachtaí le linn imscrúdaithe dul i gcomhar le criú, b'fhéidir nach bhfuil Béarla ar a dtoil acu nó nach bhfuil tuiscint acu i dtaca lenár ról.

### Reachtaíocht nua

De dheasca chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) i mí Iúil 2020 (a dhearbhaigh nach raibh Éire tar éis Alt 8.1 de Threoir 2009/18/CE a chur i bhfeidhm i gceart) bhí ar Bhord an MCIB feidhmiú taobh le triúr comhaltaí. Cuireadh An Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2021, faoi bhráid na Dála ar an 11 Samhain 2021 and rith an bille trí na céimeanna deiridh sa Seanad ar an 5 Bealtaine 2022. Freastalóidh an bille ar mhéadú ar bhallraíocht an Bhoird bunaithe ar íosmhéid de chúigear agus uasmhéid de sheachtar atá ceaptha ag an Aire, chomh maith le hathchóirithe riachtanacha teicniúla agus oibriúcháin eile chun tacú le feidhmiú leanúnach an Bhoird.

Tá an Bord anois ag tnúth le ceapachán na gcomhaltaí breise a luaithe is féidir.

### Athbhreithniú

Chuir an tAire Iompair tús le hathbhreithniú i mí Aibreán 2021 chun struchtúir reatha oibriúcháin d'imscrúdú taismí muirí in Éirinn, a mheas, agus chun aon mholtaí a leagan amach lena chinntiú go bhfuil na struchtúir i dtaca le himscrúdú taismí muirí is ábhartha agus is éifeachtaí á gcur i gcrích, agus oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus oibleagáidí an AE á gcur san áireamh. Cuirtear fáilte roimh an bhforbairt is déanaí seo mar dá bharr seo d'fhéadfaí sábháilteacht mhuirí níos fearr a bhaint amach le himscrúdú sábháilteachta, in earnáil atá réasúnta beag i gcomparáid lenár gcomharsana atá níos mó, ar chósta na hEorpa.

Tacaíonn an MCIB le forbairtí a mbíonn imscrúduithe taismí muirí ag feabhsú mar thoradh orthu. Le linn 2021 tugadh faoi fheachtas rathúil earcaíochta ar mhaithe le himscrúdaitheoirí breise a cheapadh ar phainéal na n-imscrúdaitheoirí. Áirítear leis an mBord daoine a bhfuil saineolas teicniúil acu agus atá neamhspleách. Tá earcaíocht ar mhaithe le sainchomhairleoir lán-aimseartha a cheapadh ar an mBord idir lámha i láthair na huaire agus cuireadh le foireann rúnaíochta an MCIB. Tá na casachtaí a bhaineann le cuid de na himscrúduithe, a tugadh fúthu le feiceáil sna tuarascálacha a foilsíodh le 12 mhí anuas.

### Comhthéacs Eorpach agus EMSA

Baineann cuid mhaith den obair atá idir lámha ag an MCIB le gníomhú leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Muirí (EMSA) i dtaca le taismí muirí atá laistigh de raon Threoir 2009/18/CE (a cheapann na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú taismí in earnáil iompar muirí). Is gníomhaireacht de chuid an AE í EMSA a bhfuil sé de chúram uirthi saineolas teicniúil agus oibriúcháin a chur ar fáil ar mhaithe le sábháilteachta muirí, ullmhúchán agus freagairt i dtaca le truailliú agus slándáil mhuirí a fheabhsú ar fud an AE. Cinntíonn ESMA imscrúdú seasmhach i dtaca le taismí muirí ar fud an AE agus déanann siad dea-chleachtais maidir le sábháilteacht muirí, slándáil agus ceisteanna comhshaoil, a roinnt. Tá modheolaíocht curtha i dtoll a chéile ag EMSA chun tabhairt faoi anailís ar shonraí a tuairiscíodh in EMCIP, agus é i gceist acu ceisteanna sábháilteachta a d'fheadfadh teacht chun cinn, a aimsiú. Mar is ionann le gníomhaireachtaí eile imscrúdaithe de chuid an AE, tuairiscíonn an MCIB sonraí teagmhais mhuirí don EMCIP.

Tá EMSA ar tí Achoimre Bhliantúil 2021, i dtaca le Taismí agus Teagmhais Mhuirí a fhoilsiú ina mbeidh anailís ar thaismí nó teagmhais mhuirí a ndearna Ballstáit an AE atá in EMCIP, tuairisciú orthu suas go 31 Nollaig 2020. Tabharfaidh an tuarascáil faoi anailís ar shonraí taisme a cuireadh ar fáil don EMCIP i dtaca le dearcadh taisme; tugann réamhdhréacht

2. Thug an Dr Clíodhna Murphy, an Dr David Doyle agus Stephanie Thompson i Roinn an Dlí, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, faoin taighde seo. Ba iad an Chónaidhm Idirnáisiúnta um Oibrithe Iompair a rinne an taighde a mhaoiniú. Foilsithe Deireadh Fómhair 2021.

den Tuarascáil le fios ó fhigiúirí 2019, cé go mbaineann 16% de gach eachtra a chláraítear in EMCIP le hárthaí iascaireachta, bhí siad ina gcionn tsiocair le 32% de gach eachtra tromchúiseach agus an-tromchúiseach a tharla. Ba é tátal na tuarascála ná "go bhfuil baol láidir go dtarlódh taisme ar árthaí iascaireachta, ní i dtaobh a mhinice a tharlaíonn siad, ach i dtaobh a thromchúisí a bhíonn na hiarmhairtí nuair a tharlaíonn siad. Tá an méid taismí atá an-tromchúiseacha agus taismí atá tromchúiseacha maidir le hárthaí iascaireachta níos airde i gcomparáid leis an gcabhlach iomlán. Ina theannta sin ainneoin go mbaineann 16% den líon iomlán taisme a tharla le taismí maidir le hárthaí iascaireachta, b'ionann an líon iomlán árthach iascaireachta a cailleadh agus 50% den líon iomlán árthach a cailleadh. Tugadh an treocht seo faoi deara le blianta beaga anuas." Baineann an Treoir agus mar sin na sonraí a ndearna EMCIP tuairisciú orthu le hárthaí iascaireachta atá os cionn 15 méadar ar fad amháin.

Cuireann EMSA seirbhísí oiliúna ar fáil ar mhaithe le himscrúdaitheoirí taisme an AE agus d'fhógair siad in Aibreán 2022 go raibh acadamh oiliúna le forbairt agus Cúrsa Croíchuraclaim ar mhaithe le himscrúdaitheoirí taisme an AE a gcuirfear tús leis go déanach in 2023. Déanfaidh Acadamh an EMSA oiliúint a sheachadadh i dtaca le hachtanna nua nó leasaithe na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO)/AE agus cuirfidh sé oiliúint oibriúcháin ar fáil agus feidhm á baint acu as gléasanna forbartha agus déanfaidh siad croíchuraclam comhchoiteann a fhorbairt. Cloífidh gach oiliúint a chuirtear ar fáil ag Acadamh EMSA le caighdeáin de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) 9001:2015, ISO 21001:2018 and ISO 29993:2017. Cuirtear fáilte mhór roimh an bhforbairt seo a chuirfidh le foghlaim leanúnach imscrúdaitheoirí taismí an MCIB.

Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le hathbhreithniú i dtaca le reachtaíocht an AE agus tá Treoir nua ar na bacáin sa chéad dhá mhí dhéag eile.

### D'fhoilsigh an Roinn 66 Fógra Muirí in 2021

TIs féidir teacht ar an liosta iomlán anseo https://www.gov.ie/en/collection/4d794-marine-notices-2021/

**Foilsíodh na Fógraí Muirí seo a leanas in 2021, i ndiaidh imscrúduithe agus tuarascálacha an MCIB:**

| | |
|---|---|
| 4 de 2021 | Teagmhas inar cailleadh Dóiteán agus Árthach Iascaireachta atá níos lú ná 15m ar fad. |
| 5 de 2021 | Cosc ar Imbhuailtí ar Muir. |
| 11 de 2021 | Moltaí Sábháilteachta i dtaca le teagmhas inar talmhaíodh Árthach Iascaireachta a bhí 15-24 méadar ar fad. |
| 19 de 2021 | Tábhacht na Pleanála Turais agus cásanna dainseáracha a sheachaint le linn Drochaimsire agus Farraige Chontráilte. |
| 48 de 2021 | Úsáid cheart Gairis Snámhachta Pearsanta (PFDs) ar Árthaí Iascaireachta. |
| 53 de 2021 | Guaiseacha a bhaineann le trálaeireacht ar árthaí beaga iascaireachta. |

**Tá na Fógraí Muirí seo a leanas ó 2021 tábhachtach chomh maith i dtaobh ceisteanna sábháilteachta go háirithe dóibh siúd atá ag obair sa tionscal iascaireachta.**

| | |
|---|---|
| 20 de 2021 | Riachtanas Liostaí Criú ar árthaí iascaireachta atá cláraithe. |
| 43 de 2021 | Comhairle Meabhrúcháin i dtaca le hÚsáid Baoithe Marcála/Téadaí Ábhartha nuair atáthar i mBun Iascaireachta Pota do Ghliomach, Portán nó Éisc eile nó Sliogéisc. |
| 60 de 2021 | Íosriachtanais Sláinte agus Sábháilteachta ar mhaithe le Cúram Leighis Feabhsaithe ar Bord Árthaí. |

### Imscrúduithe seachtracha ar Thaismí

Bíonn gach imscrúdú taismí idir lámha ag imscrúdaitheoirí seachtracha. Tá painéal imscrúdaitheoirí ar fáil don Bhord, lena n-áirítear pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu mar ailtirí cabhlaigh, innealtóirí muirí nó oifigigh deisce. Léiríonn an painéal réimse leathan de thaithí agus inniúlacht muirí a bhfuil tábhacht leo agus imscrúduithe neamhspleácha idir lámha. Nuair a thugtar faoi imscrúduithe sábháilteachta, is é an príomhchuspóir atá leo ná cosc a chur ar thaismí muirí agus teagmhais mhuirí san am atá le teacht. Níl siad leagtha amach chun dliteanas a dhearbhú nó le milleán a leagan.

Go hiondúil, baineann na céimeanna agus na torthaí seo a leanas le próiseas tipiciúil imscrúduithe:

| | |
|---|---|
| **Fógra** | Nuair a chuirtear an MCIB ar an eolas i dtaca le taisme nó teagmhas muirí, ní mór tabhairt faoi mheasúnú le fáil amach ar chóir tabhairt faoi imscrúdú. |
| **Fianaise a bhailiú** | Chomh luath is a chuirtear imscrúdú ar bun, tá tábhacht le fianaise a bhailiú go tapa mar shampla trí agallaimh a chur ar fhinnéithe, chun cúiseanna na heachtra agus ord na n-imeachtaí a thuiscint. |
| **Anailís ar fhianaise** | Ní mór tabhairt faoi anailís i gceart ar fhianaise chun na tosca a bhí ina gcion tsiocair leis an taisme nó teagmhas muirí, a thuiscint. Dírítear ar thuiscint a fháil ar an gcúis go raibh gníomh nó coinníoll míshábháilte ina gcion tsiocair le taisme agus ar an gcomhthéacs, fisiciúil nó eagraíochtúil inar tharla an taisme nó teagmhas. |
| **Tátail a bhaint** | Déanann tátail na ceisteanna sábháilteachta agus na cóir chosanta atá in easnamh nó ar lár (ábharach, feidhmiúil, oideachasúil nó nós imeachta) a aithint arbh fhéidir gníomhartha sábháilteachta a fhorbairt ar a son chun taismí muirí a sheachaint. |
| **Dearbhú leasúcháin** | Nuair a theastaíonn, déanann an MCIB Moltaí Sábháilteachta a mholadh i.e. moltaí ar mhaithe le leasúcháin gníomhartha gníomhartha chun cosc a chur ar thaismí agus teagmhais mhuirí san am atá romhainn, don Roinn Iompair, agus do pháirtithe atá sna hionaid is fearr chun na bearta a bhaint amach. |
| **Tuarascáil** | De thoradh an imscrúdaithe, beidh tuarascáil a chuireann, i measc rudaí eile, cúiseanna an imeachta, anailís ar thosca cúiseacha agus a chuid tátal ar fáil. Foilsítear an turascáil chun na ceachtanna sábháilteacha a leathnú ar fud an phobail mhuirí. Déantar sonraí i dtaca le taismí muirí a uaslódáil ar EMCIP, ag tacú lena n-anailís. |

### Tuarascálacha a Foilsíodh in 2021

D'fhoilsigh an Bord sé dTuarascáil Deiridh le linn 2021. Tugtar na mionsonraí iomlána i leathanaigh 15 go 20.

### Imscrúduithe in 2021

Chuir an Bord tús le himscrúduithe i dtaca le hocht dteagmhas a tharla in 2021. Tugtar achoimre ar mhionsonraí na n-eachtraí seo sa tábla thíos. Tugtar mionsonraí iomlána ar gach teagmhas ar leathanaigh 11 go 14.

Tharla cúig cinn de na hocht dteagmhas a raibh imscrúdú de dhíth orthu sa tionscal iascaireachta, bhain dhá cheann le hárthach fóillíochta agus bhain teagmhas amháin le hárthach paisinéara.

| Earnáil | Eachtraí | Bánna | Básanna | Gortuithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 5 | 3 | 0 | 2 |
| Lasta Ginearálta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Earnáil Áineasa | 2 | 1 | 0 | 0 |
| Paisinéir | 1 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **8** | **4** | **0** | **2** |

### Árthaí Iascaireachta

Bhí cúig theagmhas a bhain le hárthaí iascaireachta.

- Árthach caillte amach ó chósta Dhún Canann, Co. Loch Garman (11/01/2021) (tuarascáil foilsithe ar an 30 Nollaig 2021).
- Ball den Chriú gortaithe i nDún na nGall.
- Árthach caillte, Co. Chorcaí.
- Dóiteán ar bord agus árthach caillte, Co. Chorcaí.
- Ball den Chriú gortaithe ar bord árthaigh ó dheas de Chionn tSáile, Co.Chorcaí

### Árthaí Áineasa

Bhí dhá theagmhas a bhain le hárthach áineasa.

- Teagmhas a bhain le luamh ag gluaiseacht ar charraigeacha, Co. Chorcaí.

- Dóiteán ar luamh a ar tharla bá mar thoradh air i mBun an Tábhairne, Co. Chorcaí.

### Árthaí Paisinéara

Bhain teagmhas amháin le hárthach paisinéara .

- Teagmhas a bhain le dóiteán ar bord bád farantóireachta paisinéara i lár na habhann idir Baile Hac, Co. Loch Garman agus An Pasáiste Thoir, Co. Phort Láirge.

Tá táblaí mionsonraithe de na heachtraí a tharla sna blianta 2012 go 2021 le fáil ar leathanaigh 21 agus 22 den tuarascáil seo. Tugtar achoimre ar na heachtraí ar fad a tharla sna blianta seo sa tábla thíos:

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 13 | 6 | 5 | 5 | 9 | 6 | 8 | 6 | 4 | 0 |
| Gortaithe Árthaí | 4 | Náid | 1 | 0 | 14 | Náid | Náid | 1 | 2 | 2 |
| Árthaí atá i gceist | 17 | 6 | 7 | 7 | 15 | 5 | 5 | 7 | 8 | 8 |

### Eitic in Oifigí Poiblí

I rith 2021, bhí gach comhalta den Bhord ag comhlíonadh na bhforálacha agus na riachtanais is infheidhme de réir na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

### Nótaí Buíochais

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord, a thug a gcuid ama go fláithiúil agus cuid mhaith saineolais don MCIB le bliain anuas. Ní fhéadfaí tabhairt faoin obair imscrúdaithe gan tiomantas agus saineolas ár n-imscrúdaitheoirí agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo chomh maith.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith, ar son an Bhoird, le Rúnaí an Bhoird agus a Rúnaíocht agus comhghairdeas a dhéanamh leo as an obair atá curtha i gcrích acu le linn na bliana, obair a bhí fós an-dúshlánach mar gheall ar thionchar phaindéim covid.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas leat, a Aire, a chuir ar taifead, as an gcabhair a chuir tusa agus do chuid oifigeach sa Rannán Beartais um Shábháilteacht Mhuirí, ar fáil don Bhord le linn 2021.



CLAIRE CALLANAN
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach, Dlíodóir



**An Dr. Dorothea Dowling,**
Leaschathaoirleach, Árachóir Cairte agus Eadránaí Creidiúnaithe



**Frank Cronin,**
Innealtóir Muirí Grád 1 comhcheangailte, FCII, Árachóir Cairte

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell |
| Rúnaíocht: | Paul Hallissey |
| | Philip Grattan (Eanáir-Lúnasa 2021) |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 |
| Guthán: | 01-6783485 |
| R-phost: | info@mcib.ie |
| Suíomh Gréasáin: | info@mcib.ie |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta faoin mBord um Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an MCIB faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000 ("an tAcht"). Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingseoireacht Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí) 2011 IR Uimh. 276 de 2011 ("na Rialacháin") is í an MCIB an comhlacht ar tugadh sainordú dóibh in Éirinn chun taismí a imscrúdú atá de réir Threoir an AE 2009/18/CE ("an Treoir") a bhfuil imscrúdú ar thaismí san earnáil iompair mhuirí, á rialú aici.

## Feidhm an Bhoird

Is í feidhm an MCIB ná imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear in Alt 2 den Acht agus na Rialacháin. Le linn di a cuid feidhmeanna a chur i gcrích comhlíonann an MCIB forálacha Cód Imscrúdú ar Thaismí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus an Treoir. Cuirtear an Treoir i bhfeidhm i nDlí na hÉireann, le Rialachán (I.R. UIMH. 276 DE 2011) agus ní bhaineann sé ach le cuid de na teagmhais atá faoi imscrúdú. Tugtar faoi imscrúduithe laistigh de raon na Treorach, de réir riachtanais na Treorach agus an Mhodheolaíocht Chomhchoiteann mar atá leagtha amach i Rialachán an Choimisiúin (AE) UIMH 1286/2011 ó 9 Nollaig 2011.

**De réir an Achta, ciallaíonn Taisme Muirí aon eachtra nó próiseas a bhfuil an bhagairt seo mar thoradh air nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air:**

(a) bás nó gortú tromchúiseach duine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) cailleadh suntasach nó sáinniú, damáiste, nó imbhualadh a tharlaíonn d'árthach nó do réadmhaoin; nó

(d) damáiste suntasach don chomhshaol, i

dtaca le feidhmiú:

(i) árthaigh in uisce na hÉireann;

(ii) árthaigh atá cláraithe in Éirinn, in uisce ar bith; nó

(iii) árthaigh a bhíonn lonnaithe nó feistithe in uisce na hÉireann go hiondúil agus atá faoi smacht áitritheora de chuid an Stáit, in uisce idirnáisiúnta atá le taobh uisce na hÉireann.

**Is é cuspóir gach imscrúdaithe ná:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme muirí a dheimhniú.
2. An taisme muirí a thuaraisciú d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí muirí colúin leis a sheachaint sa todhchaí.

***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH é cuspóir an imscrúdaithe an locht nó an milleán a chur ar dhuine nó ar ghrúpa éigin. Tá feidhm ag an mBord nach mbaineann le hionchúiseamh. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as aon taisme, is í feidhm Comhlachtaí Reachtúla ar nós an Gharda Shíochána, srl., déileáil leis.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách an MCIB atá maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil deiridh ar aghaidh chuig an Aire le go ndéanfar breithniú ar na moltaí atá ann.

Cuirtear gach tuarascáil ar fáil don phobal (ach iad a iarraidh) saor in aisce nó is féidir rochtain a fháil orthu trí shuíomh gréasáin an MCIB ag www.mcib.ie.

# Teagmhais agus Imscrúduithe
2021

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021

# Réamhrá

Óna bunaíodh é in 2002, agus go dtí deireadh 2021, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi 248 gcás.

Léiríonn na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a bhí i gceist agus a spreag gach eachtra, agus tugann siad léargas áirithe don léitheoir ar ábhar agus obair an Bhoird. Úsáidtear an leagan amach céanna do gach tuarascáil chun deis a thabhairt do dhaoine comparáidí a dhéanamh le heachtraí agus tuarascálacha na blianta roimhe seo.

Tá gach turascáil foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá siad ar fáil ar iarratas ón Rúnaíocht.

# Achoimre ar na hEachtraí a ndearnadh Imscrúdú orthu a Tharla le Linn 2021

## 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021

Teagmhais atá á n-imscrúdú ag an mBord ó 2021

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Aztec** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta <15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an t-árthach iascaireachta (FV) *"Aztec"* Cuan Dhún Canann, Co. Loch Garman le ceathrar ar bord, le trál dhá bhád leis an *"FV Western Dawn"* do shalán ag 07.00 a chlog (hrs). Ag 09.30 a chlog tharraing siad an eangach, thóg siad an salán ar bord agus stóráladh iad faoin deic i bpóna daingne.<br><br>Ag timpeall 10.00 a chlog scaoil an *"FV Western Dawn"* a eangach agus thóg an *"FV Aztec"* eangach ar bord don chéad tarraingt eile. Agus é ar tí na taobhanna a thógáil, thit meáchan iascaigh 350 cileagram (kg) ón ngunail ar an deic.<br><br>Ag 10.45 a chlog tharraing *"FV Western Dawn"* a eangach isteach agus chuir an *"FV Aztec"* deireadh na heangaí siar go dtí an *"FV Western Dawn"*. Thosaigh an *"FV Western Dawn"* ansin ag aistriú iasc go dtí an *"FV Aztec"* agus le linn an oibriúcháin seo thug ball den chriú faoi deara go raibh poll sa deasbhord taobh thiar den deic, a lig tuile uisce isteach sa chabán stiúrtha. De réir mar a luigh an posta níos doimhne san uisce rinne an Scipéir an *"FV Aztec"* a ainliú le hais an *"FV Western Dawn"* agus threoraigh sé an criú le haistriú go dtí an *"FV Western Dawn"*. Chuaigh an *"FV Aztec"* go tóin poill ansin laistigh de nóiméad amháin. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Marliona** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Tharla taisme tromchúiseach muirí ar an *"FV Marliona"* agus é le hais Chuan an Chaisleáin Nua, Co. Dhún na nGall, Éire. Le linn próisis deisiúcháin bhí taobh chlé an Skipper greamaithe ag doras tráil agus rinneadh damáiste tromchúiseach dá ghéag.<br><br>Rinne ball eile den chriú garchabhair a chur ar fáil agus stop sé ag cur fola. Cuireadh fios ar an otharcharr agus tógadh an Taisme go dtí an t-ospidéal ba ghaire, áit ar cuireadh cóireáil ar fáil dó ar mhaithe lena ghortaithe. Chuir an t-ospidéal cóireáil ar fáil don Taisme agus d'éirigh leo a ghéag a thabhairt slán. Scaoileadh chun bealaigh é an lá céanna. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Ellie Adhamh** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Bhí an *"FV Ellie Adhamh"* le seachtar ball den chriú ar bord ag tabhairt faoi iascaireacht tráil le haghaidh cloicheáin ó dheas de Banc Porcupine timpeall 160 muirmhíle (NM) amach ó chósta thiar Chorcaí. Ag timpeall 20.00 a chlog tharraing an criú an trál deiridh sular fhill siad ar chuan baile an árthaigh ag Baile Caisleáin Bhéarra i mBá Bheanntraí, Co. Chorcaí, áit ar cliseadh cumhacht leictreach an árthaigh, rud a d'imir tionchar ar an deic mhór agus deiceanna chábán stiúrach an árthaigh. Ní raibh an criú in ann an gnáthchumhacht leictreach a aischuir agus rinneadh soilse éigeandála agus córais oibriúcháin trealaimh a aistriú agus anois bhí siad á dtiomáint ag socruithe soláthair chumhachta ceallra 24-bholta (V) sruth dírigh (DC) Éigeandála an Árthaigh. Ainneoin an ríochta dhíchumasaithe seo, bhí cumhacht tiomána fós ag an árthach iascaireachta chomh maith le cumas stiúrtha srianta. I gcuideachta le hárthach iascaireachta eile, lean an *"FV Ellie Adhamh"* cúrsa go Baile Chaisleáin Bheárra faoi luas.<br><br>Níor bhain ach tréimhse shrianta le soláthar cumhachta an cheallra éigeandála 24-bholta agus thart ar 04.00 a chlog an mhaidin dár gcionn, bhí na ceallraí ídithe, rud a d'fhág gur theip ar chórais oibriúcháin ceallra éigeandála 24V an árthaigh. Dá dheasca seo, theip ar chóras trealaimh chumarsáide raidió an árthaigh iascaireachta, córas soilse éigeandála agus an córas rialaithe tiomána (Lián pice inrialaithe (CPP)) uile oibriú agus mhúchadar. Chaill an t-árthach iascaireachta a thiomáint thosaigh agus ghluais sí le sruth. Bhí an *"FV Ellie Adhamh"* ag luascadh go trom agus ag tógáil isteach uisce sa Deic Mhór (ar a dtugtar an deic láir nó deic phróiseála chomh maith). Bhí deacrachtaí ag an gcriú maidir le huisce na farraige a bhí tagtha ar bord a phumpáil ar ais le fearas siúite aischurtha a bhí lochtach, a bhí le fáil ar chlébhord an lárbhoird.<br><br>An mhaidin dár gcionn chuir héileacaptar tarrthála R115 Gharda Cósta na hÉireann (IRCG) trealaimh phumpála éigeandála ar fáil don árthach agus go gairid ina dhiaidh seo chruthaigh árthach patróil an chabhlaigh an *"LE George Bernard Shaw"* téad tarraingthe don árthach iascaireachta a bhí i mbaol a báite agus chuir tús leis an árthach iascaireachta a tharraingt go Baile Chaisleáin Bhéarra. Ach le linn don árthach iascaireachta a bheith ag tarraingt, áfach, bhí sí ag luí cuid mhaith ar a bord agus b'údar imní í sábháilteacht an chriú don lucht tarrthála. Ag 18.55 a chlog an tráthnóna sin rinneadh an criú a aeraistriú ón árthach agus tógadh chuig talamh tirim sábháilte iad. Bhris an téad tarraingthe a bhí leis an *"FV Ellie Adhamh"* ag 19.22 a chlog agus bhí an t-árthach ag imeacht le sruth arís. An mhaidin dár gcionn tháinig an tuga *"Nomad"* ar an láthair agus theip uirthi téad tarraingthe a cheangal de dheasca na gcoinníollacha aimsire. Ag 10:55 a chlog rinne an tuga a thuairisciú go raibh an *"FV Ellie Adhamh"* bailithe go tóin poill le hais an Tairbh ar chósta thiar Chontae Chorcaí. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Horizon** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Bhí ceathrar ar bord an *"FV Horizon"* ag iascaireacht, thart ar 20 NM amach ón Seancheann, Cionn tSáile, Co. Chorcaí tamall beag roimh 02.00 a chlog nuair a thug an Skipper faoi deara go raibh an-chuid deataigh ag éalú ó ionad cóiríochta an árthaigh. Ainneoin iarrachtaí an chriú chun an dóiteáin a throid, bhí borradh faoi agus scaip sé. Rinne an Skipper comhartha guaise 'MAYDAY' a chraoladh le raidió an-ardmhinicíochta (VHF) agus thug an criú rafta tarrthála orthu féin. Rinne Long Sholáthair amach ón gcósta *"Pathfinder"* an criú a tharrtháil óna rafta tarrthála ach ainneoin iarrachtaí na Loinge Soláthair amach ón gcósta *"Maersk Maker"* a d'fhreagair an glaoch an dóiteán a throid, chuaigh an t-árthach iascaireachta go tóin poill ag 07.00 a chlog (UTC), cóngarach don áit a ndeachaigh sí trí thine an chéad uair. Tuairiscíodh roinnt truaillithe ola ar dhromchla na farraige ach is cosúil gur scaip sé go nádúrtha.<br><br>Bhí coinníollacha aimsire agus farraige go maith ag an am agus bhí gaoithe éadroma agus farraige mheasartha. Aistríodh an criú, ina dhiaidh seo go dtí Bád Tarrthála Chúirt Mhic Shéafraidh agus tógadh i dtír iad. Níor fhulaing an criú de dheasca aon ghortuithe. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **Frazer Tintern** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Paisinéir |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Dóiteán |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Ar a bealach go dtí an Pasáiste Thoir, Co. Phort Láirge thart ar 18.05 a chlog, bhraith Máistir an árthaigh boladh láidir breosla díosail. Faoin am seo ghlaoigh ball den chriú air agus thug le fios dó go raibh seisean in ann boladh láidir díosail a bhraith chomh maith agus go raibh sé chun é a imscrúdú. Nuair a tháinig an ball den chriú chomh fada leis an doras mogaill ag urrann innill Uimh. 1, bhí deatach dorcha agus lasracha os a chomhair amach. Chuir na baill den chriú an Máistir ar an eolas láithreach bonn go raibh dóiteán ar bord. Dhruid an Máistir Inneall Uimh. 1 láithreach bonn agus mhúch sé na feananna sa seomra innill. Rinne beirt ball den chriú dhá mhúchtóir dóiteáin iniompartha agus píobáin dóiteáin rige a chuir ar siúl ar mhaithe le teorann fuaraithe.<br><br>Lean an t-árthach leis go dtí fánán an Phasáiste Thoir chun na paisinéirí a thuirlingt chomh tapa agus chomh sábháilte agus ab fhéidir. Iarradh ar an paisinéirí uile dul go dtí an stáisiún tionóil, ar fhaitíos na bhfaitíos, agus tugadh cótaí tarrthála dóibh. Ar an mbealach go dtí fánán an Phasáiste Thoir fuaireadh smacht ar an dóiteán faoi dheireadh thiar thall. Nuair a baineadh an Pasáiste Thoir amach, rinneadh gach paisinéir agus feithicil a thuirlingt ar bhealach sábháilte. Rinneadh an t-árthach a dhaingniú ansin agus druideadh na hinnill a bhí fágtha. Nuair a mhaolaigh an dóiteán go hiomlán rinne an criú an seomra innill a imscrúdú lena chinntiú go raibh an dóiteán múchta. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **Jelly Baby** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Pléisiúir |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Lánchaillteanas inchiallaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | An t-árthach a raibh cúigear ball den chriú ar bord ag glacadh páirt i rás luaimh i gCuan Chorcaí. Chuaigh ball amháin den chriú agus seol amháin thar bord. Thángthas ar an mball den chriú ar bord ach cheangal an seol timpeall na cíle, na stiúrach agus an liáin agus rinneadh an luamh a chur ó mhaith. Ghluais an luamh ar charraigeacha agus baineadh damáiste tromchúiseacha di. Tharraing an criú iad féin i dtír ach níor gortaíodh aon duine. Rinneadh an luamh a tharraingt go Bun an Tábhairne Co. Chorcaí ina dhiaidh seo ar mhaithe le suirbhé damáiste ach dearbhaíodh lánchaillteanas inchiallaithe ina leith. Níor tharla aon truailliú mar thoradh. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Aquila** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Bhí an *"FV Aquila"* ag aisghabháil a lín saighne agus nuair a bhí baill den chriú ag cur na líonta isteach sa bheart líonta ar phosta an árthaigh, phléasc osán reithe hiodrálach na craenach altaí agus mar thoradh air seo, tharla an tormán go tobann, agus brúscadh ball den chriú. Bhí aslonnú leighis go hOspidéal na hOllscoile, Corcaigh ar héileacaptar IRCG de dhíth ar an mball den chriú a gortaíodh. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **Black Magic** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Pléisiúir |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Sheol an luamh *"Black Magic"* le duine amháin ar bord ó mhuirín luaimh Bhun an Tábhairne, Co. Chorcaí. Ba é Cuan Chionn tSáile a cheann scríbe. Thart ar uair a chloig agus ceathrú ina dhiadh seo chuaigh inneall transaim an luaimh trí thine. Scaip an dóiteán go tapa ar fud an luaimh agus rinne an Scipéir craoladh guaise 'MAYDAY' a tharchur agus é ag baint feidhme as a raidió (VHF) an-ardmhinicíochta boise. Rinne árthach iascaireachta a bhí i mbun oibre I limistéar an teagmhais, an glaoch guaise a leaschraoladh go stáisiún raidió IRCG in nDairbhre agus cuireadh tús le oibríocht chuardaigh agus tarrthála. Idir an dá linn, rinne árthach iascaireachta eile in aice leis an luamh a bhí trí thine, an Scipéir a tharrtháil agus thóg sé chun sábháilteachta é. Achar gearr ina dhiaidh seo tugadh an Scipéir i dtír ag RIB Cuan Chorcaí a tháinig le lámh chúnta a thabhairt. Níor gortaíodh an Scipéir le linn an teagmhais. Faoi dheireadh fuair an dóiteán an ceann is fearr ar an luamh agus tuairiscíodh go ndeachaigh sé go tóin poill i gCuan Rinn an Bhile, Co. Chorcaí. |

# Achoimre ar na tuarascálacha a foilsíodh 2021

## 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021

Tá na táblaí seo a leanas coimrithe ó thuarascálacha foilsithe agus tá sé is éard atá i gceist leo ná achoimre a thabhairt. Is féidir amharc ar na tuarascálacha iomlána ar shuíomh gréasáin an MCIBwww.mcib.ie

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **MV Alta** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 3 Márta, 2021 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Longa Lasta Ginearálta |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 16 Feabhra, 2020 |
| **ACHOIMRE** | Is long thrádála í an bád innill *"MV Alta"* a tógadh in 1976. Bhí an criú sáinnithe ar bord i ndiaidh gur fágadh an long díchumasaithe go buan ar thuras ón nGréig go dtí Haiti. "Rinne an criú an *MV Alta* a thréigeadh agus fágadh le sruth í i mí Dheireadh Fómhair 2018, tar éis d'oibríocht fóirithinte Gharda Cósta na Stát Aontaithe an criú de dheichniúr a tharrtháil thart ar 1,400 míle ó soir ó dheas de Beirmiúda. Ar an 3 Meán Fómhair 2019 fuair *"HMS Protector"* Chabhlach Ríoga na Ríochta Aontaithe radharc ar an *"MV Alta",* tréigthe i lár an Aigéin Atlantaigh. D'imigh an t-árthach raice soir le sruth agus tháinig sé i dtír faoi dheireadh ar an 16 Feabhra 2020 i gCuan Bhaile Aindrín agus shuigh ar an gcladach in aice Bhaile Choitín, Co. Chorcaí, Éire. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Buaileadh cliseadh meicniúil ar an *"MV Alta"* agus rinne a úinéirí agus a chriú é a thréigeadh agus a scaoileadh chun srutha i mí Dheireadh Fómhair 2018. Go ceann 16 mhí ina dhiaidh sin, ghluais an t-árthach raice soir trasna an Aigéin Atlantaigh, agus ba mhór an chontúirt é maidir le loingseoireacht shábháilte gach árthaigh eile, chomh maith le suiteálacha buan ar muir a bhí ina thimpeall agus bhain contúirt bháis nó ghortaithe do chriú nó d'oibritheoirí. De réir mar a ghluais an t-árthach raice go huiscí an AE agus go farraigí teorann na hÉireann, bhain an fhreagracht i dtaca le freagairt do thaisme teagmhais de dheasca aon imbhuailte leis an árthach raice, le hÉirinn agus a gníomhaireachtaí cuardaigh agus tarrthála. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Alize** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 4 Lunása, 2021 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Trálaer <15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 4 Eanáir, 2020 |
| **ACHOIMRE** | Ar an 3 Eanáir 2020 d'fhág an *"FV Alize"* Cuan Dhún Canann, Co. Loch Garman agus beirt ar bord le dul i mbun iascaireachta muiríní.<br><br>Ag 20.45 a chlog ar an lá dar gcionn thug an Scipéir le fios, le linn glaoigh e ball teaghlaigh ar ghuthán póca, go raibh siad ar a dtarraingt deiridh (trál) agus go mbeidís ag filleadh ar Chuan Dhún Canann. Ag 22.34 a chlog cuireadh comhairle ar an Ionad Comhordaithe um Thaisme Muirí (MRCC), Baile Átha Cliath, go raibh Rabhchán Raidió lena Léirítear Suíomh Éigeandála, a bhí cláraithe in Eirinn, tar éis seacht muirmhíle a ghníomhachtú thiar theas ó Rinn Duáin, Co. Loch Garman.<br><br>Chuir MRCC Bhaile Átha Cliath de chúram ar Héileacaptar R117 an IRCG agus ar bháid tarrthála Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI) an Dúin Mhóir Thoir agus Ché na Cille Móire a mbealach a dhéanamh go dtí limistéar ghníomhachtaithe an EPIRB. Rinne Héileacaptar Tarrthála R117 duine amháin a tharrtháil ón bhfarraige. Rinneadh an duine a gortaíodh a iompar go hOspidéal na hOllscoile, Port Láirge, áit ar fógraíodh níos déanaí go raibh sé marbh. Cuireadh tús le hoibríocht chuardaigh fhorleathan ar mhaithe leis an mball den chriú a bhí ar iarraidh a aimsiú.<br><br>Thángthas ar raice an *"FV Alize"* ar ghrinneall na farraige i limistéar an láithreáin ghníomhachtaithe EPIRB. Bhí corp an dara ball den chriú aimsithe ag tumadóirí ón raic ar an 24 Eanáir 2020. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | 2 Bhás |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | D'iompaigh an *"FV Alize"* béal fúithi, agus bádh í go tapa gan aon rabhadh, agus a dreidirí tráil á dtarraingt aici.<br><br>Caolseans go dtiocfadh an criú slán agus laghdaíodh an seans seo mar:<br>• Ní raibh an deis acu teachtaireacht guaise a chraoladh.<br>• Níor cloíodh le I.R 586/2001 – Rialachán (Gairis Tarrthála Pearsanta) Árthaí Iascaireachta 2001 mar nár caitheadh seaicéid tarrthála/PFD nó gur caitheadh seaicéad tarrthála/PFD neamhiomlán mar go raibh strapa an ghabhail in easnamh.<br><br>Bhí an t-árthach ag feidhmiú faoin líon barrmhaitheasa criú de thriúr. Mar sin níor leor an líon criú ar bord nuair a thit an teagmhas amach ar an 4 Eanáir 2020 chun an t-árthach a oibriú go sábháilte nó chun dreidirí tráil an árthaigh a théarnamh ar bhealach sábháilte agus éifeachtach.<br><br>Ní raibh aon oiliúint ar an gcriú i dtaca le feasacht ar chobhsaíocht agus mar sin ní raibh siad ar an eolas maidir le tosca cobhsaíochta criticiúla nó modhanna chun tionchair i dtaca le coinníollacha sábháilteachta cobhsaíochta imeallacha a mhaolú, agus iad ag baint feidhm as trealamh iascaireachta an árthaigh. Níor thug an criú faoi deara go raibh laghdú sealadach suntasach le cobhsaíocht an árthaigh agus na deiricí á dtarraingt agus á dtabhairt le balla acu agus is mór an seans nach raibh siad ar an eolas maidir leis na himpleachtaí a bhain le dreidire an chlébhoird a fhágáil crochta agus meáchan dhreidire an deasbhoird tógtha chun talún ar bhábhúin na deice móire.<br><br>Tugadh faoi deara gur bhain ceist shábháilteachta le córas mionsonraithe imscrúdaithe agus córas cothabhála maidir le hardú trealaimh a bhí pleanáilte, atá in easnamh ar bord árthaigh iascaireachta atá níos lú ná 15 m ar fad. Tugadh aghaidh orthu seo san imscrúdú seo ach níor chuir sé seo go díreach le caillteanas an *"FV Alize"* ná le caillteanas chriú an árthaigh. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **Olympic Style Rowing Boat** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 5 Deireadh Fómhair, 2021 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Caitheamh Aimsire- Bád/Cadhc Oscailte |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 23 Feabhra, 2019 |
| **ACHOIMRE** | Ar an Satharn 23 Feabhra 2019 ag thart ar 09.30 a chlog, rinneadh bád iomartha a raibh cúigear ógánach air (a bhí 12-13 bliana d'aois) ("an criú") a chur san fharraige ó fhánán Chlub Bádóireachta Áth Longfoirt ar abhainn na Mainistreach, craobh-abhainn de chuid Abhainn na Sionainne i gCathair Luimnigh, agus é de chuspóir aige tabhairt faoi sheisiún traenála ar Abhainn na Sionainne. Bhí cóitseálaí i dteannta an bháid iomartha i mBád Sábháilteachta.<br><br>Thart ar 10.15 a chlog bhain deacrachtaí leis an mbád iomartha, bhuail sí tacaí leathshlí ar chora Thuamhan, d'iompaigh sí bun os cionn agus caitheadh an cúigear ball den chriú isteach san uisce. Chuir duine den phobal na húdaráis tarrthála ar an eolas agus cuireadh tús le hoibríocht tarrthála; ba é bád inséidte Bhriogáid Dóiteáin an Údaráis Áitiúil (LAFB), "Fire Swift", a bhí i mbun cleachtaidh in aice láimhe, an chéad fhreagróir ar an láthair.<br><br>Rinne an Cóitseálaí sa Bhád Sábháilteachta ceathrar ball den chriú a tharrtháil ón uisce. Bhí an cúigiú rámhaí ban óg i bhfostú leis an mbád agus bhí sí faoi uisce agus scaoileadh saor í I ndiaidh do chriú an bháid "Swift Rescue" teacht i gcabhair uirthi. Cuireadh cúram uirthi ar an mbád "Swift Rescue", agus aistríodh go talamh tirim í agus tugadh chun an ospidéil í níos déanaí. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | 1 gortú dáiríre |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Chuir na tosca seo a leanas leis an teagmhas:<br>Measúnú cuimsitheach riosca in easnamh sular tugadh faoin seisiún traenála; easpa taithí chomhchoiteann chriú sóisearach an Cheathrairín; easpa trealaimh tarrthála agus sábhailteachta ar bord an Bháid Sábháilteachta; Club Bádóireachta Áth Longfoirt a bhí réchúiseach i dtaca le feidhm an Bháid Sábháilteachta agus an trealamh sábháilteachta a bhí de dhíth uirthi a iompar; cé go raibh a cuid gruaige ceangailte siar i bpónaí aici, chuir gruaig fhada an rámhaí i bhfostú í leis an gCéaslaire/Squad a bhí iompaithe bunoscionn; neamhaird Chlub Bádóireachta Áth Longfoirt i dtaca le cultúr sábháilteachta a fhorbairt nó córas éifeachtach bainistíochta sábháilteachta a chur i bhfeidhm.<br><br>Ar na tosca ar tharla an teagmhas mar thoradh orthu bhí:<br>Easpa pleanála; easpa cultúir shábháilteachta inoibrithe agus meon réchúiseach an Chlub i dtaca le sábháilteachta gníomhaíochtaí ar an abhainn; an Cóitseálaí agus an Quad "Louie Murnane" an-scartha óna chéile agus iargúlta de dheasca achar na habhann ó chóitseálaithe eile sna Báid Shábháilteachta eile; níor rith baol Chora Thuamhan leis an gCóitseálaí, oifigeach sábháilteachta an Chlub ná le hoifigigh Chlub Bádóireachta Áth Longfoirt' ní gá do dhaoine faoi oiliúint/ar thosaitheoirí ar bord báid iomartha ar stíl Oilimpeach iad PFDanna a chaitheamh; gan aon ghairis tarrthála breise ar bord; theip orthu córas éifeachtach cumarsáide a chruthú idir na cóitseálaithe ar an dá bhád sábháilteachta; níor leor an freastal ar an mBád Sábháilteachta; easpa scine ar bord an Bháid Shábháilteachta; an méid spáis a scar an dá bhád sábháilteachta óna chéile le linn an tseisiúin thraenála; easpa comhairle agus spreagtha i dtaca le hábhair sábháilteachta ag bhí ag teacht ó Rámhaíocht Éireann (RI); easpa caidrimh idir an Cóitseálaí agus an Club agus a mhalairt, i dtaca le sábháilteacht; ní raibh an Club ar an eolas i dtaca le Lámhleabhar Sábháilteachta an RI, ná a raibh ann agus easpa measúnaithe intomhaiste ar chur i bhfeidhm Bheartas Sábháilteachta (2017) an fhorais rialaithe agus a Lámhleabhar Sábháilteachta (2017) ag leibhéal an chlub; easpa cumarsáide idirghníomhaí éifeachtaí idir RI agus Club Bádóireachta Áth Longfoirt. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **Teagmhas Cadhcála** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 28 Deireadh Fómhair 2021 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Cadhcanna éagsúla |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 13 Meán Fómhair 2020 |
| **ACHOIMRE** | I ndeireadh na hiarnóna/tús an tráthnóna Dé Domhnaigh, 13 Meán Fómhair 2020, thug grúpa de 15 cadhcóirí faoi thuras tráchtála farraige. Bhí sé ar intinn acu tabhairt faoi thuras fillte ó Chuan Bhlóic go hOileán Dheilginse, Co. Bhaile Átha Cliath. Sa ghrúpa, bhí triúr teagascóirí agus 12 rannpháirtithe. Scaradh an Grúpa óna chéile; grúpa beag amháin ag dul i dtreo thuaisceart Chuan Bhlóic agus an grúpa eile, a bhí níos mó, ag dul i dtreo an taobh ó thuaidh de Chlochar Loreto.<br><br>Chuir triúr ball éagsúil den phobal glaoch 999 ar sheirbhísí éigeandála idir 19.03 a chlog agus 19.14 a chlog ag iad a tabhairt tuairisce ar chadhcóirí a bhí i dtrioblóid. Bhí dhá chadhc ag an nGrúpa Beag; cadhc aonair agus cadhc dúbáilte. Ghluais an Grúpa Beag ó thuaidh, mar nach raibh siad in ann dul i ngleic leis na tonnta ar bhuail siad leo taobh amuigh de Chuan Bhlóic. D'iompaigh an cadhc bunoscionn de dheasca toinne agus caitheadh an Rannpháirtí amach as an bpoll stiúrtha. Bhí an Rannpháirtí, a fuair cabhair ó bheirt teagascóirí a bhí in dhá chadhc aonair éagsúla, in ann dul ar ais isteach ina cadhc. Ach caitheadh amach í, áfach, den dara huair agus den dara huair, cabhraíodh léi dul ar ais isteach ina cadhc agus caitheadh amach í den tríú huair. Den tríú hócáid choinnigh an Rannpháirtí greim ar an gcadhc san uisce nó gur tháinig tríú Teagascóir ar an láthair, agus le cabhair ó dhuine de na teagascóirí eile, d’éirigh leo, an Rannpháirtí a chuir ar ais ina cadhc. Chuaigh siadsan a bhí sa Ghrúpa Beag, agus a bhí ar an gcadhc dúbailte, isteach san uisce chomh maith, (dár leis an Rannpháirtí) agus chuir lascairí áitiúla cabhair ar fáil.<br><br>Rinne pearsanra otharchairr na Rannpháirtithe a bhailiú le chéile ar an gcladach ag Cuan Bhlóic. I dtaca leis an cadhcóir aonair, thug an Rannpháirtí seo le fios gur chuir an pearsanra otharchairr comhairle uirthi, gur mhian leo í a thógáil go dtí an t-ospidéal, toisc go raibh siad buartha faoin méid uisce sáile a bhí slogtha aici agus dhiúltaigh sí dá moladh. Bhí naonúr rannpháirtithe sa Ghrúpa Mór, ní heol cé mhéad cadhc aonair agus dúbailte a bhí ann. Rinne an Grúpa Mór a bhealach go dtí carraigeacha in aice an chladaigh in aice leis an taobh ó thuaidh de Chlochar Loreto agus ansin, thrasnaigh siad na carraigeacha agus thug a n-aghaidh ar Chuan Bhlóic de shiúl a gcos. Fuarthas tuairisc ar gach rannpháirtí agus teagascóir agus shroich siad an cladach go slán sábháilte. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith. |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Ag an am céanna le tús an teagmhais, ní raibh aon Rabhadh i bhfeidhm i dtaca le hÁrthach Beag. Ach le linn an ama go raibh an Turas idir lámha, bhí. Ach ainneoin an Rabhaidh seo i dtaca le hÁrthach Beag, thug na cadhcanna, arbh árthaigh bheaga iad, faoin turas. Tugann sé seo le fios gur léiríodh meas easnamhach ar an Rabhadh i dtaca le hÁrthach Beag. An neamhaird a tugadh ar réamhaisnéis Met Éireann, chuir sí leis an gcinneadh tabhairt faoi Thuras a d’fhéadfadh a bheith contúirteach. Tugadh neamhaird ar Roinn 7.4 den CoP a thugann le fios nár chóir tabhairt faoi churachóireacht/ cadhcáil le linn fórsa gaoithe 4, nó os a chionn sin, ach amháin dóibh siúd a bhfuil an-chuid taithí acu. Nuair a chuirtear san áireamh an laghad taithí a bhí ag ar a laghad beirt Rannpháirtithe, níor chóir don Turas imeacht. Tugann Roinn 7.4 le fios chomh maith gur chóir go mbeadh cadhcóirí farraige ar an eolas maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le hidirghníomhú idir gaoth agus taoide ar staid na farraige. Tugann sé seo le fios mar sin i dtaca le haird a thabhairt ar choinníollacha farraige go ndearnadh neamhshuim ar choinníollacha na farraige le linn an teagmhais. I ndáiríre, níor chóir go dtabharfaí faoin turas sna coinníollacha seo, nuair a smaoinítear ar an mbealach a raibh siad ag an am.<br><br>Ina theannta seo, níor tháinig cáilíochtaí duine nó beirt de na teagascóirí leis na cáilíochtaí cuí atá molta ag Aontas Canúála na hÉireann (CI) do theagascóir a bhfuil grúpa á thógáil ar uisce acu agus na coinníollacha cothrom leo siúd ar casadh orthu le linn an turais seo.<br><br>I dtaca leis na rioscaí a bhaineann le “turraing fuachta” agus hipiteirme, bhí baol ann go mbuailfí Rannpháirtí gan taithí leis an dá cheann nó le cheachtar acu, dá mbeidís tumtha san uisce. Cé nach féidir a leithéid de riosca a dhíbirt go hiomlán, is |

| | |
|---|---|
| | féidir é a bhainistiú ach na céimeanna "Coisctheacha" mar atá leagtha amach ag Sábháilteacht Uisce na hÉireann, a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, thug beirt rannpháirtithe le fios nár tugadh aon rabhaidh dóibh go mbeidís tumtha san uisce agus nár cuireadh in iúl dóibh cad ba chóir a dhéanamh sa chás sin.<br><br>Ba chóir réamhfhógra ar cad a bheadh romhat dá mbeifeá tumtha in uisce chomh maith le treoracha sábháilteachta i dtaca le cad ba chóir a dhéanamh (nó nár chóir a dhéanamh) a chuir ar fáil sular tugadh faoin imeacht. Níor cuireadh aon eolas ar fáil maidir le haon phleanáil teagmhais bunaithe ar a dtarlódh dá mbeadh deacrachtaí ag duine nó ag roinnt Rannpháirtithe. Dá mbeadh fáil ar bhád tarrthála, bheadh áiseanna cuí ann dá dtarlódh aon rud.<br><br>Rinneadh neamhshuim de MN9/2003, is cosúil. Ní dhearnadh aon tagairt dó seo i mbreathnóireacht an eagraí. D'fhéadfaí an teagmhas seo a sheachaint dá dtabharfaí aird cheart ar na tosca bainteacha uile.<br><br>Tháinig an foláireamh chuig na seirbhísí éigeandála ó thrí ghlaoch "999" ó dhaoine den phobal a chonaic an teagmhas ón gcladach agus é ag tarlú. I dtaca le Tuairisc Staide (SITREP) agus Tuarascáil an IRCG, is cosúil nach bhfuil aon taifead ar aon chumarsáid ar VHF idir an Grúpa Turais agus an t-eagraí ná na teagascóirí. |

## Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Myia**

| | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 11 Samhain, 2021 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta <15m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 2 Samhain, 2020 |
| **ACHOIMRE** | Thart ar 12.00 a chlog ar an 2 Samhain 2020, d'fhág beirt fhear Gaillimh ar an *"FV Myia"* chun potaí séacla a thógáil agus a athshocrú ar chósta Bhóthar na Trá.<br><br>Thart ar 13.30 a chlog bhí líne de photaí á n-athshocrú ag na fir nuair a chuaigh fear amháin i bhfostú i dtéad a bhí ceangailte le líne na bpotaí. Tharraing meáchan líne na bpotaí chomh maith le gluaiseacht chun tosaigh an árthaigh, an fear go tapa thar bord amach agus síos faoin uisce.<br><br>Rinneadh teagmháil le Bainisteoir Oibríochta (LOM) Bhád Tarrthála RNLI na Gaillimhe le guthán póca agus lorgaíodh gníomhachtú glaoirí chun an Bád Tarrthála Cois Cladaigh (ILB) a chur i bhfarraige láithreach bonn. Tháinig an ILB ar an láthair go tapa agus rinneadh an ball den chriú a thógail ar ais ón uisce. Ar theacht dó go dtí an stáisiún bád tarrthála, aistríodh é go dtí Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, áit ar fógraíodh go raibh sé marbh. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | 1 Bás |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Tarraingníodh an Taisme thar stiúir an árthaigh tar éis dul i bhfostú i dtrealaimh ar an deic. Seans gur chuir gluaiseachtaí foréigneacha de dheasca choinníollacha na farraige leis seo le linn do na potaí a bheith á mbeathú. I gceachtar den dá chás, bhí an t-árthach ag tabhairt faoi thasc dainséarach i gcoinníollacha a bhí ag dul thar na srianta sábháilteachta a bhí leagtha síos dóibh.<br><br>Cuireadh leis an moill, cíbe cé chomh beag, le foláireamh na seirbhísí éigeandála, mar gur baineadh úsáid as guthán póca chun tabhairt faoi chomhartha guaise. Sa chás seo, cuireadh an glaoch ar ghaol, a chuir glaoch ar Bhád Tarrthála LOM ina dhiaidh sin, agus chuir siadsan glaoch ar Fho-ionad Seirbhíse Tarrthála Oileán Dhairbhre (MRSC) chun glaoirí chriú an bháid tarrthála a ghníomhachtú. Bheadh teacht ag MRSC Oileán Dairbhre láithreach bonn ar ghlaoch 'MAYDAY' ar raidió VHF agus dá thoradh seo, chuirfí tús láithreach le glaoirí chriú an bháid tarrthála a ghníomhachtú. Níl VHF daingean de dhíth ar árthaí den mhéid seo ach ní mór dóibh aonad láimhe a bheith acu. Bheadh comhartha guaise á bhualadh chomh maith mar gheall ar rabhchán aimsiúcháin pearsanra (PLB).<br><br>Ní raibh PFD á chaitheamh ag an duine a gortaíodh agus é ag oibriú ar dheic oscailte faoi choinníollacha baolacha. Dá mbeadh PFD luiteach agus sonraithe cuí á chaitheamh aige, chuirfeadh sé go mór leis an seans a bhí aige teacht slán. |


| Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Aztec** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 30 Nollaig, 2021 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta <15m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 11 Eanáir, 2021 |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an t-árthach iascaireachta *"FV Aztec"* Cuan Dhún Canann, Co. Loch Garman le ceathrar ar bord, le trál dhá bhád leis an *"FV Western Dawn"* do shalán ag 07.00 a chlog ar an 11 Eanáir 2021. Ag 09.30 a chlog tharraing siad an eangach, thóg siad an salán ar bord agus stóráladh iad faoin deic i bpóna daingne.<br><br>Ag timpeall 10.00 a chlog scaoil an *"FV Western Dawn"* a eangach agus thóg an *"FV Aztec"* eangach ar bord don chéad tarraingt eile. Agus é ar tí na taobhanna a thógáil, thit meáchan iascaigh de 350 kg é, ón ngunail isteach ar an deic.<br><br>Ag 10.45 a chlog tharraing *"FV Western Dawn"* a eangach isteach agus chuir an *"FV Aztec"* deireadh na heangaí siar go dtí an *"FV Western Dawn"*. Thosaigh an *"FV Western Dawn"* ansin ag aistriú iasc go dtí an *"FV Aztec"* agus le linn an oibriúcháin seo thug ball den chriú faoi deara go raibh poll sa deasbhord taobh thiar den deic, a lig tuile uisce isteach sa chabán stiúrtha. De réir mar a luigh an posta níos doimhne san uisce rinne an Scipéir an *"FV Aztec"* a ainliú le hais an *"FV Western Dawn"* agus threoraigh sé an criú le haistriú go dtí an *"FV Western Dawn"*. Chuaigh an *"FV Aztec"* go tóin poill ansin laistigh de nóiméad amháin. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Bhí an *"FV Aztec"* agus an *"FV Western Dawn"* araon ag tabhairt faoi thrál dhá bhád ar mhaithe le salán ag an tráth seo bliana le hocht mbliana anuas. Bhí Scipéir agus criú an dá árthach an-eolasach maidir leis na próisis a bhain leis an gcineál seo trálaeireachta. Ní raibh aon ráiteas measúnaithe riosca ná ráiteas modha ar mhaithe le trálaeireacht dhá bhád liostaithe i ráiteas sábháilteachta an *"FV Aztec's"*. Léireodh measúnaithe éifeachtacha riosca agus nósanna imeachta na contúirtí a bhaineann le trálaeireacht dha bhád.<br><br>Bhí suirbhé CoP a bhí suas chun dáta ag an *"FV Aztec"* agus tuairiscíodh lochtanna tromchúiseacha sular seoladh ó Dhún Canann ar maidin an 11 Eanáir 2021.<br><br>Bhí an t-árthach trom luchtaithe ag an am agus ag brath ar an mbuacacht a chuir an cábán stiúrtha ar fáil, chun a chobhsaíocht faid loinge a choinneáil. Cé nach raibh siad de dhíth, bhí ríomhaireachtaí cobhsaíochta déanta ag an *"FV Aztec"* i 2017 ar son baile ar bhain le deich dtonna iasc sa pholl. Bhain na ríomhaireachtaí cobhsaíochta le cobhsaíocht chliathánach agus ní dheachaigh siad i ngleic le gnéithe faid loinge i dtaca le cobhsaíocht. Tugadh le fios le linn oibríochtaí téarnaimh go raibh idir deich agus 12 tonna iasc ar bord ag an *"FV Aztec"*. Cé nach raibh aon srianta leagtha síos d'árthaí den mhéid seo, bhí lódáil an árthaigh ar cheann de na cúiseanna go ndeachaigh sé go tóin poill. Ní mór dó seo aird a thabhairt ar mheáchan na gabhála ar bord chomh maith le suíomh na n-iasc sa pholl. Beidh socrú réasúnta mór ar an bposta i dtaca le tionchar na gabhála breise a tógadh ar bord ag am an teagmhais, chomh maith leis an deasbhord a bheith ag liostáil. Agus na fórsaí seo ar fad curtha le chéile, beidh cobhsaíocht faid loinge an árthaigh ag brath ar bhuacacht an bhacáin stiúrtha.<br><br>Níor tugadh aon aird ar an bpoll sa deic nuair a tharla sé ach ba chóir tabhairt faoi imscrúduithe sa bhreis maidir leis an teagmhas seo.<br><br>Ní dhearna an *"FV Aztec"* ná an *"FV Western Dawn"* aon fholáireamh a thógáil. Tháinig an chéad fhógra maidir leis an árthach chuig MRCC, Bhaile Átha Cliath, ón gcladach. Cé nár bhain aon bhaol do bheatha daonna, thit teagmhas suntasach amach, agus ba chóir foláireamh Pan-Pan a bheith tarraingthe suas leis an nGarda Cósta.<br><br>Ní raibh aon aláram ruma feistithe ag cábán stiúrtha an *"FV Aztec"* agus ní raibh aon teacht aici ar phumpáil amach ón gcábán seo. Chinntigh poll beag draenach go raibh uisce in ann sruthadh ón gcábán stiúrtha amach ar an bpoll éisc. |

# Comparáid idir Taismí Muirí 2012 - 2021


| Cinéal an Árthaigh | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa Paisinéirí/Árthaí** | | | | | | | | | | |
| Róró Idirnáisiúnta | | | | | 10 Ghortú | 1 Bás | | | | |
| Intíre | 1 Bás | | | | 2 Ghortú | | | | | |
| Árthach Paisinéiríl | | | | | 1 Bás<br>1 Gortú | | | | | |
| **Fo-Iomlán** | **1 Bás** | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith | **1 Bás<br>13 Ghortú** | **1 Bás** | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| **Longa Lasta** | | | | | | | | | | |
| Longa Lasta Ghinearálta | | | | | | | | | | |
| Lasta Ró-Ró | | | | | | | | | | |
| Taincéir | | | | | | | | | | |
| Bulciompróir | | | | | | | | | | |
| Long Choimeádán | | | | | | | 1 Bás | | | |
| Iompróir Cairr | | | | | | | | | | |
| Píolóta/Báirse Bád Oibre | | | | | | | | | | |
| Ardaitheoir Trom | | | | | | | | | | |
| **Fo-Iomlán** | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith | **1 Bás** | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| **Árthraí Iascaireachta** | | | | | | | | | | |
| < 15 méadar | 4 Bhás/<br>1 Gortú | 2 Bhás | 1 Bás | 1 Bás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 3 Bhás | |
| 15 - 24 méadar | 5 Bhás/<br>1 Gortú | 3 Bhás | | | | | | | 1 Bás<br>1 Gortú | 1 Gortú |
| > 24 méadar | | | | 2 Bhás | 2 Bhás | | | | | 1 Gortú |
| **Fo-Iomlán** | **9 Bhás/<br>2 Ghortú** | **5 Bhás** | **1** Bás | **3 Bhás** | **4 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Gortú** | **2 Ghortú** |
| **Árthaí Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | | | | | | | | | |
| Báid/Cadhcanna Oscailte | 3 Bhás | 1 Bás | 3 Bhás/<br>1 Gortú | | 1 Bás/<br>1 Gortú | 1 Bás | 1 Bás | 3 Bhás/<br>1 Gortú | | |
| Mótar (Deice) | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | 1 Bás | 1 Bás | | |
| Seol | 1 Bás | | 1 Bás | | | | | | | |
| Árthaí Mearchumachta/RIB | 1 Bás<br>2 Ghortú | | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | | |
| **Fo-Iomlán** | **5 Bhás/<br>2 Ghortú** | **1 Bás** | **4 Bhás/<br>1 Gortú** | **2 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Gortú** | **3 Bhás** | **5 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Gortú** | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| | | | | | | | | | | |
| **Líon iomlán na nEachtraí** | **17** | **6** | **7** | **7** | **15** | **5** | **5** | **10** | **8** | **8** |
| **Líon iomlán na mBásanna** | **15** | **6** | **5** | **5** | **9** | **6** | **8** | **6** | **4** | **0** |
| **Líon iomlán na nGortaithe** | **4** | **0** | **1** | **0** | **14** | **0** | **0** | **1** | **1** | **2** |
| **Líon Iomlán na nÁrthaí a bhí i gceist** | **18** | **6** | **7** | **7** | **15** | **5** | **5** | **11** | **8** | **8** |

# Treochtaí Báis 2012 - 2021


## Longa/Árthaí Paisinéirí





## Longa Lasta




## Árthaí Iascaireachta




## Árthaí Áineasa



# Aguisín A

Rinne an MCIB na teagmhais a luaitear thíos a mheas ach níor tugadh faoi aon imscrúdú i dtaca leo. Áirítear leis na teagmhais seo comhoibriú le stáit bhrataí eile nó i gcásanna áirithe uaslódáil sonraí tábhachtacha chuig an Ardán Eorpach um Imscrúdú Taismí Muirí (EMCIP).

| Tagairt MCIB. | Ainm an Árthaigh | Dáta | Mionsonraí an teagmhais |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/404 | FV Mianda | 07/01/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/405 | Shannon Breeze | 09/01/2021 | Árthach ar talamh go gearr tar éis don bhád farantóireachta fágáil |
| MCIB/13/407 | FV Resilient | 17/01/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/408 | Mary Paul | 15/01/2021 | Uisce ag sileadh isteach ar an Arthach |
| MCIB/13/410 | FV Lours der Mers | 04/02/2021 | Aimhréidh sa lián |
| MCIB/13/411 | FV Ophelia | 12/12/2020 | Tuairiscíodh go raibh an t-árthach ag ligean uisce isteach |
| MCIB/13/412 | FV Rossoren | 22/02/2021 | Tuáil de dhíth de dheasca deacrachtaí le giarbhosca |
| MCIB/13/413 | FV Eder Sands | 26/02/2021 | Cliseadh an Phríomhinnil |
| MCIB/13/414 | FV Skellig Light II | 03/04/2021 | Cliseadh Innil |
| MCIB/13/415 | FV Aoibhe C | 28/02/2021 | Tuairiscíodh go raibh an t-árthach ag ligean uisce isteach |
| MCIB/13/416 | FV Mangan D | 03/05/2021 | Árthach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/417 | MV Cemi | 03/07/2021 | Árthach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/418 | FV Syracuse | 03/06/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/419 | Key Discovery | 03/09/2021 | Dóiteán i gceann amháin de bhoilg lasta an árthaigh |
| MCIB/13/420 | Baltiyskaya Kosa | 15/03/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/421 | Ocean Spey | 25/02/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/422 | Illaunnakirka | 02/04/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/423 | Ar Laeres | 21/03/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/424 | Mega Express Four & FV Dignity | 24/02/2021 | Neasteagmhas |
| MCIB/13/425 | Lively Lady | 15/04/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/426 | Lar Voaleden | 15/04/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/427 | Michigan | 14/04/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/428 | Kayak Incident | 28/02/2021 | Bas, Abhainn na Bearú |
| MCIB/13/429 | Rio da Bouza | 18/04/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/430 | FV Endurance | 22/04/2021 | Easpa scóige ag an bpríomhinneal |
| MCIB/13/431 | FV Banriona na Mara & FV Cora Joseph | 25/03/2021 | Imbhualadh |
| MCIB/13/432 | FV Melisandre | 05/01/2021 | Briseadh |
| MCIB/13/433 | FV Michelle Na Mara | 05/04/2021 | Aimhréidh sa lián |

| MCIB Ref. | Vessel Name | Date | Incident details |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/434 | DPC Tolka | 04/07/2021 | Briseadh |
| MCIB/13/435 | FV Maria Magdalena | 05/09/2021 | Tuairiscíodh go raibh an t-árthach ag ligean uisce isteach |
| MCIB/13/436 | Youghal, capsized boats | 14/04/2021 | Dhá árthach iompaithe béal fúthu |
| MCIB/13/437 | FV Roise Catriona | 05/12/2021 | Árthach prapáilte |
| MCIB/13/438 | FV Radoche Tercero | 16/05/2021 | Aslonnú leighis |
| MCIB/13/439 | FV Sowenna | 05/11/2021 | Árthach prapáilte |
| MCIB/13/440 | Arklow Future | 17/05/2021 | Teagmhas a bhaineann le dréimire rópa |
| MCIB/13/441 | FV Acionna | 05/06/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/442 | FV Dawn Ross | 13/06/2021 | Fadhb Innil |
| MCIB/13/443 | MV York | 06/11/2021 | Árthach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/444 | Boat on fire | 07/06/2021 | Baill den chriú gortuithe |
| MCIB/13/445 | FV Bridget Carmel | 08/06/2021 | Árthach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/446 | Cabin cruiser | 20/06/2021 | Cúrsóir báite |
| MCIB/13/447 | FV Albator | 03/07/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/448 | FV Owenie Padraig | 05/07/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/449 | FV H1100 WIRON5 | 06/07/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/450 | FV Cara Maith | 08/07/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/451 | Cabin Cruiser on fire | 19/07/2021 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/452 | FV Patricia Marta | 19/07/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/453 | FV Armor II | 29/07/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/455 | FV Atlantic Quest | 10/08/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/456 | FV Dearbhla | 11/08/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/458 | Yacht Giuliana | 12/08/2021 | Luamh báite |
| MCIB/13/459 | FV Saint Josse | 21/08/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/460 | JSP Rider | 22/08/2021 | Duine thar bord |
| MCIB/13/461 | FV Julien Coleou | 08/09/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/462 | MV Stena Horizon | 09/09/2021 | Rinne Árthach teagmháil le Calafort |
| MCIB/13/463 | FV Aspin | 11/09/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/464 | MV Genco Titus | 15/09/2021 | Árthach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/465 | Arklow Flair | 30/09/2021 | Rinne Árthach teagmháil le Báirse Feistithe |
| MCIB/13/466 | MV Mont Fort | 10/10/2021 | Árthach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/467 | BG Diamond | 11/10/2021 | Árthach ag imeacht le sruth |
| MCIB/13/469 | FV Devotion | 11/10/2021 | Árthach ar talamh |

| MCIB Ref. | Vessel Name | Date | Incident details |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/470 | FV Bridget Carmel | 16/10/2021 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/471 | FV Amervan Tres | 31/10/2021 | Craoladh mayday |
| MCIB/13/472 | Pont Aven Ferry & Pilot Vessel Failte | 23/10/2021 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/474 | Arklow Flair | 07/11/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/475 | Blue Star 1 | 12/11/2021 | Damáiste don Árthach |
| MCIB/13/478 | FV Adrianne | 24/11/2021 | Árthach ar talamh |
| MCIB/13/479 | MV Epsilon | 16/12/2021 | Dóiteán ar bord |

# Ráitis Airgeadais

2021

Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 29 |
| Ráiteas ar Smacht Inmheánach | 33 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 38 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 39 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 40 |
| Nótaí chuig na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 | 41 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

## Príomhghníomhaíochtaí

Ba í príomhghníomh leanúnach na heagraíochta ná tabhairt faoi imscrúduithe i dtaca le taismí muirí a tharlaíonn d'árthaí nó ar bord árthaí atá cláraithe in Éirinn ar fud an domhain agus árthaí eile in uiscí teorann agus in uiscebhealaí intíre na hÉireann.

## Rialachas

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoi Roinn 7 (1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Acht 2000 agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingeas Ceannaíochta) (Imscrúdú Taismí) 2011 agus Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (I.R. UIMH. 444 de 2020). Freagraíonn an Bord don Aire Iompair agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin agus cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha á leagan síos aige agus cinntí straitéiseacha á ndéanamh maidir le gach ceist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar Chomhaltaí an Bhoird agus ar Rúnaíocht an Bhoird i ndáil le MCIB a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmiú agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais, ina bhfuil ceisteanna atá curtha ar leataobh go sonrach do chinneadh an Bhoird. Ar na míreanna seasta atá á gcur san áireamh ag an mBord, tá:

- dearbhú leasanna,
- clár riosca,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíocha,
- turascálacha imscrúdaithe.

Éilíonn Alt 20(1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Fiosrúchán Taismí Muirí), 2000 go ndéanfaidh an Bord cuntais chuí a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé, i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, éilítear ar Bhord an MCIB:

- beartais chuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn seasta mura féidir glacadh leis go leanfaidh an bord leis ag feidhmiú, agus
- má leantar aon chaighdeán cuntasaíochta infheidhme faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais, é seo a chur in iúl.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a thugann léargas, le cruinneas réasúnach, ar stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith agus a chuirfidh i bhfios go réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 20(1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Fiosrúchán Taismí Muirí), 2000. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ardchaighdeán an chomhlachta corparáidigh agus na sonraí airgeadais ar shuíomh gréasáin an MCIB.

Is í an Roinn Iompair (DoT) atá freagrach as an mbuiséad bliantúil a dháileadh. Tugann an MCIB cuntas maidir lena caiteachas don DoT ag tús na bliana. De dheasca an chineáil oibre atá idir lámha ag an MCIB, níl sé ar chumas an Bhoird tabhairt faoi phleanáil ná faoi bhuiséadú le cinnteacht don bhliain atá le teacht. Mar thoradh air seo, níor bhain an Bord feidhm as a Bhuiséad mar chomparáid ar mhaithe lena athbhreithniú ar dhul chun cinn an MCIB in 2021.

Tá an Bord freagrach freisin as acmhainní an Bhoird a chosaint agus na bearta réasúnta a ghlacadh chun cosc a chur le calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.

Is é dearcadh an Bhoird ná go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí ag 31 Nollaig 2021.

## Cur i bhfeidhm

De réir Alt 1.19 den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód"), tá sé de dhualgas ar lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit tacú leis an straitéis a chur i bhfeidhm trí bhíthin timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Tá sé de cheangal ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad bliantúil a cheadú agus measúnú foirmiúil a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar fheidhmíocht agus sin a dhéanamh trí thagairt don phlean agus/nó don bhuiséad. De bharr chineál na hoibre a dhéanann an MCIB, is é sin imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn d'árthaí, nó ar bord árthaí, atá cláraithe in Éirinn agus a tharlaíonn d'árthaí eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann, ní féidir leis an mBord pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht.

## Struchtúr an Bhoird

Ar an mBord tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus triúr gnáthchomhaltaí. De réir an Achta um Loingis Cheannaíochta 2000, tá sé de cheangal ar Phríomh-Shuirbhéir an DoT suí ar an mBord. Tá sé de cheangal chomh maith ar ArdRúnaí an DoT, nó ar a ainmní, suí ar an mBord faoin Acht seo. Ceapann an tAire an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach agus na comhaltaí eile den Bhord. Tá mionsonraí le fáil sa tábla thíos maidir le tréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| COMHALTA BOIRD | RÓL | DÁTA CEAPTHA / DEIREADH TÉARMA |
|---|---|---|
| Claire Callanan | Cathaoirleach | Ceaptha Eanáir 2019 |
| Dorothea Dowling | Leaschathaoirleach | Ceaptha Aibreán 2017 |
| Frank Cronin | Gnáthchomhalta | Ceaptha Aibreán 2017 |

I Márta 2019, chuir an Coimisiún Eorpach iarratas isteach chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann maidir le hAirteagal 8.1 de Threoir 2009/18/CE de 23 Aibreán 2009 a chur i bhfeidhm, a chuir na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú na dtimpistí in earnáil an iompair mhuirí, agus aird ar leith ar neamhspleáchas an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí de dheasca beirt státseirbhíseach a bheith ina gcomhaltaí ar an mBord. Rinne an Stát cosaint a thaisceadh sna himeachtaí sáraithe le linn 2019. Ar an 9 Iúil 2020 rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nár cuireadh Airteagal 8 (1) de Threoir 2009/18/CE i bhfeidhm i gceart in Éirinn. Mar thoradh ar an mbreithiúnas seo d'éirigh beirt chomhaltaí ar an mBord as a bpost, i bhfeidhm ón 30 Iúil 2020.

Tar éis tabhairt faoi athbhreithniú ar an gcinneadh, tá bearta agus nósanna imeachta breise curtha chun feidhme ag an mBord ar mhaithe le hoibriú éifeachtach leanúnach a chinntiú ar bhealach níos fearr agus comhlíonadh leis an Treoir mar a thuigeann an CJEU anois é.

Thug an Stát aghaidh ar thorthaí na Cúirte trí rialacháin leasaithe a dhéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (IR Uimh. 444 de 2020) chun a dhearbhú nach féidir le daoine a chomhlíonann ceachtar den dá phost a cheapadh mar chomhaltaí Boird a thuilleadh ar mhaithe le himscrúduithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Tháinig an tAcht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Mara) (Leasú) 2022 i bhfeidhm ar an 16 Bealtaine 2022. Cuireann an tAcht deis ar fáil le haghaidh comhdhéanamh Boird athbhreithnithe a éascú agus baill nua a cheapadh chun freastal ar na folúntais atá ar an mBord cheana féin.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Caiteachais

Leagtar amach sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird do 2021 i Nóta 5 de na ráitis airgeadais agus tugtar mionsonraí i dtaca leis na táillí agus caiteachas a thagann isteach ó gach comhalta le linn na bliana.

## Athbhreithniú Feidhmíochta

Tá an Bord tar éis dul i gcomhar le cuntasóir seachtrach chun cabhrú leis chun córas rialaithe inmheánaigh a mheasúnú. Rinneadh an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche agus ghlac an Bord leis an tuarascáil ar an 15 Márta 2022.

## Príomhathruithe Pearsanra

Tharla príomhathrú pearsanra amháin sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021. D'fhág an tUasal Philip Grattan an MCIB i mí Iúil 2021 agus tháinig an tUasal Diptiben Bhatt i gcomharba air i mí Eanáir 2022.

## Coistí

Níl aon choistí i bhfeidhm. Bronnadh maolú leanúnach ar an MCIB i dtaca leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca maidir leis na struchtúir agus nósanna imeachta reatha atá i bhfeidhm laistigh ar mhaithe le maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca.

## Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá sé de fhreagracht ar an mBord a chinntiú go gcloíonn an MCIB le riachtanais an Chóid, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Níor cuireadh•aon chaiteachais taistil agus chothabhála ar an bhfoireann agus comhaltaí an bhoird le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2021 (2020: neamhní).

### Costais Chomhairleoireachta

San áireamh i gcostais chomhairleoireachta tá costas na comhairle seachtraí a thugtar don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe "gnó-mar-is gnách" san áireamh.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Caidreamh Poiblí | €3,690 | - |
| Iomlán | €3,690 | - |

Baineann táillí dlithiúla agus proifisiúnta de €77,121 (2020: €14,065) le caiteachas ar phróiseas atá seachfhoinsithe faoi ‘gnó-mar-is gnách’. Bronnadh 80% dá gcostais dlithiúla ar an MCIB i dtaca le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus rinneadh é a chosaint go rathúil.

### Caiteachas Fáilteachais

€273 (2020: €193) an caiteachas fáilteachais a bhí ann le linn na bliana. Baineann caiteachas fáilteachais le caiteachas tabhaithe le haghaidh cruinnithe Boird agus oiliúint imscrúdaitheoirí.

## Nochtaithe Breise

Déantar nochtadh i dtaca le briseadh síos ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe a chur san áireamh le Nóta 4 sa Ráiteas Airgeadais.

Nochtaithe eile atá de dhíth de réir an Chóid maidir le costais dlí agus socraíochtaí, fáilteachas, agus íocaíochtaí foirceanta/ téarfa agus comhaontuithe, ní fhoilsítear iad toisc nach bhfuil caiteachas tabhaithe i dtaca leis na catagóirí seo sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021.

## Ráiteas Comhlíontachta

Ráiteas Comhlíontachta

Tá An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bronnadh maolú leanúnach ar an MCIB i dtaca leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca maidir leis na struchtúir agus nósanna imeachta reatha atá i bhfeidhm laistigh ar mhaithe le maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca.

Tá na maolaithe maidir le forálacha faoi leith den Chód, atá curtha ar fáil don MCIB, toisc go bhfuil sé beag agus toisc a chineál, léirithe i bhfoirm liosta thíos:

- Iniúchadh Inmheánach, agus Coiste Iniúchta agus Riosca
- Éadáil Réadmhaoine agus Diúscairt Réadmhaoine Barrachais
- Éadáil Talún, Foirgneamh, agus Sócmhainní Maoine eile
- Breithmheas ar Infheistíocht Chaipitil
- Éagsúlú, Bunú Fo-chuideachtaí agus Éadálacha ag Comhlachtaí Stáit
- Diúscairt Sócmhainní Stáit
- Comhlíonadh maidir le Riachtanais Cheantála agus Tairisceana
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca

Ceapann an MCIB gnólacht cuntasóirí a ullmhaíonn na Ráitis Airgeadais gach bliain agus cuidíonn siad leis an MCIB le linn an phróisis iniúchta. Tá foireann ar leith ón ngnólacht cuntasaíochta ceaptha chomh maith chun tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar rialú airgeadais inmheánach an MCIB.

Coinníonn an MCIB clár rioscaí, a ndéantar athbhreithniú air mar mhír sheasta ag gach cruinniú Boird.

Tugadh comhaontú maoirseachta an MCIB chun críche ar an 6 Bealtaine 2022 i ndiaidh cainteanna agus athbhreithnithe leis an Roinn Iompair

Claire Callanan

Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2022

1. Coinníonn an MCIB clár rioscaí.
2. Baineann an maolú seo le 8.36 – 8.43 den Chód Cleachtais agus ní théann sé chomh fada le tairiscintí a lorg do cheisteanna a bhain le cláir leanúnacha an MCIB.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann MCIB, aithním an fhreagracht atá ar an mBord lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh a oibríonn agus a fheidhmíonn go héifeachtach. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid san áireamh.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta seachas daingean a thabhairt go bhfuil na hacmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead mar is ceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a chloíonn le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in MCIB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus go dtí an dáta a dhéanfar na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

## Cumas chun Riosca a láimhseáil

Toisc é a bheith beag, rinneadh maolú a dheonú don MCIB ón Roinn Iompair maidir le feidhm Iniúchta Inmheánaigh. Tá cuntasóirí seachfhoinsithe ceaptha ag an MCIB i láthair na huaire chun tabhairt faoi iniúchadh inmheánach.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an MCIB, a dhéanann na príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca curtha i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an MCIB agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, rinneadh athbhreithniú orthu agus rinneadh iad a ghrádú de réir a dtábhachta. Deánann an Bord athbhreithniú ar an gclár ar bhonn míosúil. Baintear feidhm as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár riosca déantar cur síos ar an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus chun freagracht as rialú a chur i dtreo baill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe curtha i bhfeidhm ina bhfuil na heiliimintí seo a leanas:

- rinneadh na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad a dhoiciméadú,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais a leagan síos ag leibhéal bainistíochta lena bhfuil cuntasacht chomhfhreagrach,
- Soláthraíonn DoT buiséad bliantúil de ▪390,000 don MCIB le haghaidh imscrúduithe agus caiteachas gnó eile. Tarraingítear anuas an buiséad de réir mar a shroicheann iarmhéid bainc an MCIB thart ar ▪50,000. Má bhíonn iarmhéid leordhóthanach ann ag deireadh na bliana agus más féidir leis an MCIB a dheimhniú nach mbeidh airgead breise de dhíth, coinníonn an Roinn farasbarr an deontais nár tarraingíodh anuas.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don

Bord, má theastaíonn sé, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- is féidir feidhm a bhaint as tuairisciú oibríochtúil gnó chun teacht ar dheimhniúchán i dtaca leis an mbealach a bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí lucht bainistíochta lena chinntiú go bhfuil socruithe maidir le cáilíocht á gcomhlíonadh i gcomhréir le hionchais i leith réimsí sonracha riosca, agus
- tugann cuntasóirí neamhspleácha faoi athbhreithnithe ar rialú inmheánach ar bhonn bliantúil.

## Tionchar a d'imir Paindéim Dhomhanda COVID-19

Pléadh tionchar phaindéim COVID-19 ag an gcruinniú Boird a tionóladh ar an 3 Márta, 2020. Thug an Bord le fios go bhféadfadh sé go n-éileodh srianta taistil agus oibre arna bhforchur ag an rialtas, cruinnithe Boird amach anseo a reáchtáil ó chian; go bhféadfadh sé go n-iarrfaí ar bhaill foirne na Rúnaíochta oibriú ón mbaile ar feadh tréimhse fhada; agus go bhféadfadh sé go n-imrofaí tionchar ar imscrúduithe chomh maith mar gheall ar shrianta taistil ar imscrúdaitheoirí. Cuireadh plean leanúnachais ghnó i bhfeidhm chun aon chur isteach ar obair an Bhoird a laghdú. Chuir an MCIB cruinnithe faisnéise ar fáil don DoT i dtaca le bearta teagmhasacha an MCIB, mar chuid d'ionchur na Roinne maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta, chun dul i ngleic le COVID-19.

Cuirtear gach uasdátú a bhaineann le COVID-19 ar fáil d'imscrúdaitheoirí má bhaineann sé lena gcuid oibre mar imscrúdaitheoirí muirí. Tugadh cead ag cruinniú Boird ar an 23 Aibreán, 2020 chun feidhm a bhaint as sínithe leictreonacha, nuair ba ghá, chun gnó an MCIB a chur chun cinn, fad is a bhí srianta fós i bhfeidhm.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an MCIB chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an MCIB na nósanna imeachta sin in 2021 ach amháin maidir leis na hábhair seo a leanas.

| Catagóir de chaiteachas neamhchomhlíontach | 2021 | 2021 2021 líon soláthróirí |
|---|---|---|
| Seirbhísí clódóireachta | €17,618 | 1 |
| Seirbhísí Dlí | €77,121 | 1 |
| **Iomlán** | **€94,739** | **2** |

Níl conradh foirmiúil i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí priontála ó 2004 i leith mar go ndéantar cuóta a lorg agus a mheas agus ansin tagtar ar chomhaontú maidir le gach tuarascáil aonair. Tá an MCIB ag fiosrú roghanna maidir le tuarascálacha a fhoilsiú go hinmheánach agus tá sí fós ag gníomhú leis an soláthraí priontála reatha agus í ag tabhairt faoin bhfiosrúchán seo. Bhain tionchar i dtaca le hacmhainní foirne agus le srianta COVID-19 le dul chun cinn na hoibre seo.

D'fhostaigh an MCIB an comhairleoir dlí reatha in 2014 tar éis próisis thairisceana. De dheasca an chostais ísil, cuirtear an conradh ar athló gach bliain. Cuireadh tús le próiseas tairisceana do sheirbhísí dlí i mí na Nollag 2020 ach mar gheall ar chúinsí nach raibh smacht ag an MCIB orthu (de dheasca dlíthíochta a ndearnadh cosaint ráthúil uirthi i mí na Nollag 2021) cuireadh sos go luath leis an bpróiseas i mí Eanáir 2021. Meastar go gcuirfear tús leis an bpróiseas arís in 2022, ag brath ar ghnéithe atá ag eascairt as imeachtaí breise atá á dtionscnamh ag an iarrthóir nár éirigh leo sa dlíthíocht.

Is iad na príomhghnéithe a chuireann le neamhchomhlíonadh ná éagsúlacht na hoibre a bhíonn idir lámha ag an MCIB agus an líon réasúnta beag atá i gceist, an bealach a bhfeidhmíonn sé le Bord de thriúr agus líon beag na Rúnaíochta tacaíochta arbh fhéidir le gach ceann acu brú mor éilimh a chur le hacmhainní atá teoranta.

Admhaíonn an Bord nár tugadh aghaidh ar na nochtuithe soláthair le linn 2021 a aithníodh sa SIC do 2020. Tá tús curtha ag an MCIB leis an bpróiseas chun na réimsí neamhchomhlíonta maidir le soláthar a cheartú le linn 2021 agus táthar ag súil go réiteofar iad seo go hiomlán le linn 2022.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an MCIB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta agus rialaithe um bhainistíocht riosca. Tá eolas ag gach ball den Bhord ar gach caiteachas a rinne an MCIB ar chomhlíonadh a róil reachtúil agus déanann Rúnaí an Bhoird iad a uasdátú ar bhonn leanúnach agus ag gach cruinniú míosúil den Bhord, i dtaca le gach íocaíocht a dhéantar agus aon saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chúrsaí airgeadais an MCIB. Ní mór do bheirt chomhaltaí de chuid an Bhoird gach íocaíocht a fhaomhadh agus a údarú ar chóras baincéireachta ar líne de chuid AIB.

Cuirtear eolas breise ar fáil i dtaca leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an MCIB ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí seachtracha, na cuntasóirí seachtracha a dhéanann athbhreithniú ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh, ardbhainistíocht tobh istigh den MCIB atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh do 2021 bunaithe ar nósanna imeachta an MCIB atá i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghnó agus ar chaiteachas leanúnach an Bhoird, agus ar thuarascáil na gcuntasóirí a bhí fostaithe i mí Feabhra 2021 chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha. Rinne an Bord dréacht-thuarascáil an Athbhreithnithe ar Rialú Inmheánach a bhreithniú agus a fhaomhadh ag cruinniú an Bhoird ar an 15 Márta 2022. Tá an Bord sásta go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm láidir agus éifeachtach.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca le 2021 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais, cé is moite den soláthar neamhchomhlíontach a nochtar thuas.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2022

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí, Tithe an Oireachtais

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 faoi fhorálacha Roinn 20 d'Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Is éard atá sna ráitis airgeadais ná

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas i dtaca le staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear, achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta faoi leith.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2021 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA)102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

## An bonn atá leis an tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón mBord um Imscrúdú Taismí Muirí agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Mark Brady

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste 15 Meitheamh 2022

## Aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird i ndáil leis an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh i dtaobh an cuí úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí a iniúchadh agus tuarascáil ina leith a thabhairt do Thithe an Oireachtais. Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráitis a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm i rith an iniúchta go léir. Le linn dom déanamh amhlaidh,

- Aithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bonn a chur ar fáil dom maidir le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha ar calaois is cúis leis níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann ar earráid is cúis leis, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sna himthosca lena mbaineann, ach ní chun tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar chuibheas na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.
- Déanaim conclúid maidir le cuibheas úsáid an bhoinn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaightear, déanaim conclúid i dtaobh an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú maidir le cumas an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé, áfach, go scoirfeadh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, le n-áirítear na nithe a nochtadh, déanaim meastóireacht i dtaobh an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd ar a bhfuil freagracht i ndáil le rialachas a mhéid a bhaineann le raon agus tráthú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha a éiríonn as an iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha a shainaithním le linn an iniúchta maidir le rialú inmheánach, gan trácht ar nithe eile.

#### *Faisnéis maidir le nithe seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin ná ní léirím aon chineál conclúide dheimhnithigh ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, fad is atáim á dhéanamh sin, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha eile ann. Más rud é, ar bhonn na hoibre a dhéanaim, go ndéanaim conclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann san fhaisnéis eile sin, tá sé de cheangal orm an méid sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairisciú má shainaithním nithe ábhartha maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Déanaimh tuairisciú má shainaithním aon chás ábhartha ar ina leith nár caitheadh airgead poiblí chun na críche a bhí beartaithe nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a raibh siad faoina rialú.

Tuairiscím ar bhonn eisceachtúil freisin más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021 € | BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais (Vóta 31, fo-cheannlíne C3) | | 318,404 | 276,014 |
| | | 318,404 | 276,014 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail na Foirne | 4 | 136,480 | 131,187 |
| Foireann Shealadach | 4 | 7,828 | - |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 5 | 20,948 | 20,948 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | | 17,618 | 12,348 |
| Dearadh Gréasáin | | 1,775 | 1,410 |
| Caiteachas Imscrúdaithe Timpistí | 3 | 82,373 | 89,950 |
| Caiteachas Oifige | | - | 1,767 |
| Fógraíocht | | 2,074 | - |
| Aistriúchán | | 1,522 | 1,309 |
| Léarscáileanna/Cairteacha | | 823 | 1,563 |
| Táillí Dlí & Gairmiúla | | 77,121 | 14,065 |
| Caidreamh Poiblí | | 3,690 | - |
| Cuntasaíocht | | 8,342 | 5,869 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 7,900 | 7,650 |
| Táillí Bainc | | 318 | 320 |
| Oiliúint | | - | 425 |
| Costais Ilchineálacha | | 1,391 | 193 |
| | | 370,203 | 289,004 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | (51,799) | (12,990) |
| Easnamh Carnach 1 Eanáir | | (55,719) | (42,729) |
| Easnamh Carnach 31 Nollaig | | (107,518) | (55,719) |

Is cuid de na Ráitis Airgid seo na Ráitis faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10

Claire Callanan
Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2022

Margaret Bell
Margaret Bell
Rúnaí
14 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Ar an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 31 NOLLAIG 2021 € | 31 NOLLAIG 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Rialta** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 492 | 1,406 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 24,203 | 44,798 |
| | | 24,695 | 46,204 |
| **Creidiúnaithe** – costais a bheidh le híoc laistigh de bhliain amháin | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 2 | (132,213) | (101,923) |
| **Luach Reatha** (Dliteanais) | | (107,518) | (55,719) |
| **A Fhreagraíonn do** | | | |
| Easnaimh Charntha tugtha ar aghaidh | | (55,719) | (42,729) |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | (51,799) | (12,990) |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | (107,518) | (55,719) |

s cuid de na Ráitis Airgid seo na Ráitis faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10.

Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2022

Margaret Bell
Rúnaí
14 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Ar an 31 Nollaig 2021

| | 31 NOLLAIG 2021<br>€ | 31 NOLLAIG 2020<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Airgead Tirim (caite ar) oibríochtaí | (51,799) | (12,990) |
| (Ardú) / (Ísliú) in infháltais | 914 | (914) |
| (Ardú) / (Ísliú) i Suimeanna Iníoctha | 30,290 | 36,523 |
| **Eis-sreabhadh/ (insreabhadh) airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | (20,595) | 22,619 |
| **Airgead tirim a chaitear ar ghníomhaíochtaí infheistíochta** | - | - |
| **Airgead tirim a chaitear ar ghníomhaíochtaí airgeadais** | - | - |
| **Ardú/(Ísliú) glan maidir le hairgead agus a comhluach airgid** | (20,595) | 22,619 |
| Airgead agus comhluach airgid ag tús na bliana | 44,798 | 22,179 |
| **Airgead agus comhluach airgid ag deireadh na bliana** | 24,203 | 44,798 |

# Nótaí ag dul leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn chun críocha cuntasaíochta arna ghlacadh ag an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Thosaigh an Bord ag feidhmiú ar an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é ar an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a eascraíonn astu.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 de réir na reachtaíochta infheidhme agus FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) sa RA.

Tá Bord an aonáin a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na Ráitis Airgeadais seo a fhaomhadh, freagrach as comhlíonadh an aonáin sin i dtaca lena cheanglas ábhartha a chinntiú agus deimhníonn muid comhlíonadh an aonáin le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016).

### c) Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

### d) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a ndéantar measúnú orthu ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach na beartais chuntasaíochta seo a leanas chun déileáil leis na nithe a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

### e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go 31 Nollaig 2021.

### f) Airgeadra

Rinneadh na ráitis airgeadais a chur i láthair in Euro (€), a úsáideann an Bord mar airgeadra feidhmeach freisin.

### g) Deontais ón Oireachtas

Freagraíonn ioncam ó dheontais oireachtais d'airgead tirim agus costais tuarastail (do bhaill foirne atá ar iasacht) a tháinig isteach i gcaitheamh na bliana ón Roinn Iompair, agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair i rith na bliana ar son fhoireann* an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

*Nóta: Tá triúr ball foirne buan i Rúnaíocht an MCIB agus iad sannaithe ón Roinn Iompair in 2021. Méadófar an líon seo go ceathrar in 2022 nuair a dhéanfar folúntais a líonadh.

**h) Costais Imscrúduithe a Shainaithint**

Déantar costais a bhaineann le himscrúduithe leanúnacha, a fhabhrú ag deireadh na bliana, bunaithe ar chostais mheasta in aghaidh an imscrúdaithe. Tugann imscrúdaitheoirí sonrasc don MCIB nuair a bhíonn imscrúduithe tugtha chun críche. Déantar caiteachas eatramhach agus costais taistil a íoc de réir mar a dhéantar iad a thabhú.

**i) Aoisliúntas**

Clúdaítear foireann na Roinne a ceapadh chun feidhmiú mar Rúnaíocht don MCIB i socruithe pinsin ábhartha na Roinne. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar an mBord do Phinsin.

**j) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Áirítear leis an airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim aon iarmhéid airgid, taiscí coimeádta faoi ghlaoch ag bainc, agus infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíocht tráth a n-eisiúna acu de thrí mhí nó níos lú, chomh maith le rótharraingtí bainc. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh de na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

## Nóta 2. Creidiúnaithe – suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin bliain

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Caiteachas Fabhraithe | 132,213 | 101,923 |
| | | |
| San áireamh le caiteachas fabhraithe tá suimeanna a bhaineann le: | | |
| Cuntas rialaithe ÍMAT | 7,212 | 7,212 |

## Nóta 3. Caiteachas Imscrúdaithe Timpistí

I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2021, chríochnaigh an Bord 6 imscrúdú agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha maidir le gach ceann díobh. Ba é costas iomlán na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích in 2021 ná €82,373. Níor foilsíodh aon tuarascáil eatramhach ar imscrúduithe leanúnacha in 2021. Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 12 imscrúdú idir lámha agus gan iad tugtha chun críche. Is é costas ionchasach na hoibre seo ná €93,166 agus tá sé seo curtha san áireamh i bhfigiúr an chaiteachais fhabhraithe i nóta 2. Déantar costais imscrúdaithe a fhabhrú sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas.

San áireamh chomh maith sa chaiteachas imscrúdaithe tá costais taistil agus chothaithe €5,040 a thabhaigh imscrúdaitheoirí (2020: €a náid - De dheasca cinneadh a thóg an Bord i mí na Nollag 2020 go n-aisíocfar imscrúdaitheoirí as caiteachas comhaontaithe T&C, deimhnithe ag rátaí na Státseirbhíse).

## Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

**Príomhphearsanra Bainistíochta**

Tá príomhphearsanra bainistíochta in MCIB comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird agus na foirne bainistíochta sinsearaí. Tá luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Chuir an Roinn Iompair foireann bhuan Rúnaíochta de thriúr ar fáil. Fuair an Roinn na costais foirne ar ais ó chionroinnt deontais an Bhoird. Rinne an DoT 2 bhall foirne a chur ar fáil don Bhord ag deireadh 2021 (agus dhá fholúntas le líonadh) agus cuireadh 3 ball foirne ar fáil ag deireadh 2020.

Le linn na bliana bhí ball sealadach de dhíth agus rinneadh an táille ar leith seo €7,828 a íoc ón maoiniú a bhí ar fáil don Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá líon na foirne ag gach banda pá mionsonraithe sa tábla thíos.

| Sochair ghearrthéarmacha fostaí**<br>€ | 2021<br>Líon na bhfostaithe sa bhanda | 2020<br>Líon na bhfostaithe sa bhanda |
|---|---|---|
| 0 – 59,999 | 3 | 3 |
| 60,000 – 69,999 | - | - |
| 70,000 – 79,999 | - | - |

**Nóta: Chun críche an nochta seo, áirítear ar na sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais tuarastail ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh

## Nóta 5. Comhaltaí Boird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta chun tabhairt faoi athbhreithniú ar a chuid feidhmíochta agus rinne sé 14 ghnáthchruinniú a reáchtáil in 2021. Ar an 31 Nollaig 2021 bhí 3 ball san iomlán ag an mBord.

Bhí na táillí iníoctha leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Bhoird do 2021 ag rátaí atá ceadaithe agus atá faofa ag an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Fuair an Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird táille pro rata. In 2020 ní bhfuair beirt chomhaltaí Boird a d'éirigh as a gcuid cúramaí aon táille faoin bprionsabal Tuarastal Amháin Duine Amháin (OPOS).

**Tá sceideal Tinrimh agus Táillí 2021 leagtha amach thíos:**

| Comhalta Boird | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| Claire Callanan | 14/14 | 8,978 | 8,978 |
| Frank Cronin | 14/14 | 5,985 | 5,985 |
| Dorothea Dowling | 14/14 | 5,985 | 5,985 |
| **Táillí Iomlán** | | **20,948** | **20,948** |

Íoctar ráta bliantúil le comhaltaí an bhoird, ar bhonn pro rata, ní in aghaidh an tinrimh ag cruinnithe. Léiríonn na suimeanna a nochtar thuas na suimeanna comhlána atá iníoctha le comhaltaí.

Níor íocadh aon chostais taistil le comhaltaí an Bhoird in 2021 maidir le freastal ar Chruinnithe an Bhoird le linn 2021.

## Nótaí 6. Gnóthas leantach

In the financial year ending 31 December 2021, the Board recorded an operating deficit of €51,799 and an Sa bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021, rinne an Bord easnamh oibriúcháin €51,799 agus easnamh carntha do 2002 – 2021 de €107,518. Fuarthas maoiniú in 2021 agus táthar ag súil leis go bhfaighfear maoiniú amach anseo le cinntiú gur féidir leis an mBord gach dliteanas atá aige a íoc

## Nóta 7. Costais oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair áitreabh ar fáil don Bhord saor in aisce, lena n-áirítear úsáid sócmhainní seasta, ag áitreabh na Roinne ar Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Maoiníonn an Bord a chuid costais oibriúcháin féin ach amháin na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair saor in aisce:

- TF & Teileafón
- Costais phostais, stáiseanóireachta & priontála inmheánaigh (seachas costais a bhaineann le himscrúduithe)

- Glantachán
- Costais oifige eile lena n-áirítear solas agus teas.

## Nóta 8. Cáin

De réir Ailt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon cháin agus ní gá é a shonrú sna ráitis airgeadais.

## Nóta 9. Comhaltaí Boird: Leasanna a Nochtadh

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí boird ar fad de réir Alt 17 agus 18 den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí), 2000.

Déanann an Bord a ghnó ar bhealach atá neamhchlaonta agus a fheictear a bheith neamhchlaonta de réir Chód Iompair Ghnó an MCIB (féach ar www.mcib.ie). Is éard atá i gceist leis an gCód ná tacar comhaontaithe prionsabal eiticiúil a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hobair an Bhoird a chur chun cinn; muinín i leith an Bhoird a chur chun cinn agus a chothabháil; agus cosc a chur le nósanna imeachta mí-eiticiúla a mbeadh an bord á bhforbairt nó a mbeidís ag glacadh leo. Cuireann comhaltaí boird Rúnaí an Bhoird ar an eolas maidir le haon choimhlint leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus fanfaidh siad ó chruinniú Boird nuair a thagann coimhlint leasa chun cinn.

Soláthraíonn gach comhalta den Bhord foirm Ráiteas Leasanna comhlánaithe don Rúnaí ar bhonn bliantúil, ar an 31 Eanáir ar a dhéanaí, agus ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 - Ráitis Leasanna Bliantúla á gcomhlíonadh acu. Déantar freagraí de náid a chur isteach chomh maith.

## Nóta 10. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 14 Meitheamh 2022.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Uimhir ghutháin: 01-678 3485. Facs: 01-678 3493.
www.mcib.ie